



---

*Uimhir 37 de 2009*

---

**AN tACHT UM RIALÁIL IOMPAIR PHOIBLÍ 2009**

*[An tiontú oifigiúil]*

---

RIAR NA nALT

CUID 1

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

Alt

1. Gearrtheideal.
2. Mínithe.
3. Caiteachais.
4. Orduithe agus rialacháin a leagan faoi bhráid Thithe an Oireachtais.

CUID 2

SEIRBHÍSÍ BUS POIBLÍ DO PHAISINÉIRÍ A CHEADÚNÚ

5. Tosach feidhme (*Cuid 2*).
6. Ceanglas a bheith ceadúnaithe.
7. Ceadúnais a dheonú.
8. Earnálacha ceadúnas agus tréimhsí ceadúnas.
9. Foirm iarratais.
10. Forálacha ginearálta maidir le breithniú a dhéanamh ar iarratais chun ceadúnais a dheonú.
11. Tairiscint ceadúnas a dheonú.
12. Táillí.
13. Coinníollacha a chur ag gabháil le ceadúnais.
14. Ceadúnas a leasú.
15. Ceanglas tús a chur le seirbhísí bus poiblí do phaisinéirí.
16. Ceadúnais a athnuachan.

[Uimh. 37.] *An tAcht um Rialáil Iompair Phoiblí* [2009.]  
2009.

17. Sealbhóir ceadúnais d'fháil bháis.
18. Ceadúnais a aistriú.
19. An tÚdarás do chúlghairm ceadúnas.
20. Seirbhísí láithreacha áirithe bus poiblí do phaisinéirí a cheadúnú.
21. Oifigigh bhreithiúnachta.
22. Achomhairc.
23. Treoirínte.
24. Cionta comhlachtaí corpraithe agus imeachtaí i leith cionta.
25. Forálacha ginearálta a bhaineann le hoibriú na Coda seo.
26. Fógra a thabhairt agus fógraí.
27. Foráil idirthréimhseach — iarratas ar cheadúnas faoi Acht 1932.
28. Aisghairm (*Cuid 2*).

CUID 3

LEASUITHE AR AINM AGUS AR FHEIDHMEANNA ÚDARÁS IOMPAIR  
BHAILE ÁTHA CLIATH

29. Leasuithe ar Acht 2008.
30. An tÚdarás Náisiúnta Iompair.

CUID 4

AN COIMISIÚN UM RIALÁIL TACSATHE A DHÍSCAOILEADH AGUS  
FOIREANN AGUS FEIDHMEANNA AN CHOIMISIÚIN A AISTRÍÚ

31. An Coimisiún um Rialáil Tacsaithe a dhíscaoileadh.
32. Talamh agus maoin eile a aistriú.
33. Cearta agus dlíteanais a aistriú.
34. Conarthaí láithreacha a choimeád ar marthain.
35. Leanúint d'imeachtaí dlíthiúla.
36. Tagairtí sa reachtaíocht don Choimisiún.
37. Cuntais chríochnaitheacha.
38. Inghlacthacht doiciméad i bhfianaise.
39. Fostaithe an Choimisiúin a aistriú.
40. An Coimisinéir um Rialáil Tacsaithe a aistriú chuig an Údarás.

[2009.] *An tAcht um Rialáil Iompair Phoiblí [Uimh. 37.]*  
2009.

41. Feidhmeanna an Choimisiúin a aistriú chuig Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath.

CUID 5

LEASUITHE AR ACHT 2003, AR ACHT 1993, AR ACHT 2000, AR AN  
ACHT IOMPAIR (BONNEAGAR IARNRÓID) 2001 AGUS AR ACHT NA  
MBÓITHRE 2007

42. Leasuithe ar achtacháin agus aisghairm.
43. Tagairtí athraithe don Choimisiún agus don Chomhairle in Acht 2003.
44. Leasú ar Acht 2000.

CUID 6

ILGHNÉITHEACH

45. Údarás inniúil Airteagal 6 de Threoir 2001/14/CE.
46. Bearta chun seirbhísí bus poiblí a fheabhsú — bearta maolaithe tráchta.

SCEIDEAL 1

ACHTANNA ÁIRITHE A LEASÚ

CUID 1

LEASÚ AR ACHT 2003

CUID 2

LEASÚ AR ACHT 1993

CUID 3

LEASÚ AR AN ACHT IOMPAIR (BONNEAGAR IARNRÓID) 2001

CUID 4

LEASÚ AR ACHT NA MBÓITHRE 2007

SCEIDEAL 2

LEASÚ AR ACHT 2003

---

[Uimh. 37.] *An tAcht um Rialáil Iompair Phoiblí* [2009.]  
2009.

NA hACHTANNA DÁ dTAGRAÍTEAR

Na hAchtanna um Shaoire Uchtaíoch 1995 agus 2005	
An tAcht um Shaoire Cúramóra 2001	2001, Uimh. 19
Achtanna na gCuideachtaí	
An tAcht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath 2008	2008, Uimh. 15
Acht na gComhphobal Eorpach 1972	1972, Uimh. 27
An tAcht Airgeadais 2002	2002, Uimh. 5
Acht na dTithe 1966	1966, Uimh. 21
An tAcht Rialtais Áitiúil 2001	2001, Uimh. 37
Na hAchtanna um Chosaint Mháithreachais 1994 agus 2004	
Na hAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta 1973 go 2005	
An tAcht um Eagrú Ama Oibre 1997	1997, Uimh. 20
Na hAchtanna um Shaoire do Thuismitheoirí 1998 agus 2006	
An tAcht um Pleanáil agus Forbairt (Bonneagar Straitéiseach) 2006	2006, Uimh. 27
An tAcht um Pleanáil agus Forbairt 2000	2000, Uimh. 30
An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocraithe) 2003	2003, Uimh. 29
An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha) 2001	2001, Uimh. 45
Na hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta 1967 go 2007	
An tAcht um Thrácht ar Bhóithre 1961	1961, Uimh. 24
An tAcht um Thrácht ar Bhóithre 1994	1994, Uimh. 7
An tAcht um Thrácht ar Bhóithre 2006	2006, Uimh. 23
An tAcht um Thrácht ar Bhóithre agus Iompar 2006	2006, Uimh. 28
An tAcht um Iompar ar Bhóithre 1932	1932, Uimh. 2
An tAcht um Iompar ar Bhóithre 1933	1933, Uimh. 8
Acht na mBóithre 1993	1993, Uimh. 14
Acht na mBóithre 2007	2007, Uimh. 34
An tAcht Comhdhlúite Cánacha 1997	1997, Uimh. 39
An tAcht um Rialáil Tacsaithe 2003	2003, Uimh. 25
Na hAchtanna um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis) 1994 agus 2001	
An tAcht Iompair 1958	1958, Uimh. 19
An tAcht Iompair (Bonneagar Iarnróid) 2001	2001, Uimh. 55
An tAcht Iompair (Córas Iompair Éireann a Atheagrú) 1986	1986, Uimh. 31
Na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach 1977 go 2007	



---

*Uimhir 37 de 2009*

---

## **AN tACHT UM RIALÁIL IOMPAIR PHOIBLÍ 2009**

*[An tiontú oifigiúil]*

---

ACHT DO DHÉANAMH SOCRÚ MAIDIR LE SEIRBHÍ Sí BUS POIBLÍ DO PHAISINÉIRÍ A CHEADÚNÚ, D'ATHRÚ AINM ÚDARÁS IOMPAIR BHAILE ÁTHA CLIATH GO DTÍ AN tÚDARÁS NÁISIÚNTA IOMPAIR, DO DHÉANAMH SOCRÚ MAIDIR LEIS AN gCOIMISIÚN UM RIALÁIL TACSAITHE A DHÍSCAOILEADH, DO LEASÚ AN ACHTA UM RIALÁIL TACSAITHE 2003, AN ACHTA UM ÚDARÁS IOMPAIR BHAILE ÁTHA CLIATH 2008 AGUS ACHTACHÁN ÁIRITHE EILE, AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ I DTAOBH NITHE GAOLMHARA.

*[27 Samhain, 2009]*

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

### CUID 1

#### RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

1.—Féadfar an tAcht um Rialáil Iompair Phoiblí 2009 a ghairm Gearrtheideal. den Acht seo.

2.—San Acht seo—

Mínithe.

ciallaíonn “Acht 1932” an tAcht um Iompar ar Bhóithre 1932;

ciallaíonn “Acht 1986” an tAcht Iompair (Córas Iompair Éireann a Atheagrú) 1986;

ciallaíonn “Acht 1993” Acht na mBóithre 1993;

ciallaíonn “Acht 2000” an tAcht um Pleanáil agus Forbairt 2000;

ciallaíonn “Acht 2003” an tAcht um Rialáil Tacsaithe 2003;

ciallaíonn “Acht 2006” an tAcht um Pleanáil agus Forbairt (Bonneagar Straitéiseach) 2006;

ciallaíonn “Acht 2008” an tAcht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath 2008;

[Uimh. 37.] *An tAcht um Rialáil Iompair Phoiblí* [2009.]  
2009.

ciallaíonn “Údarás” Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath, go dtí an lá a cheapfar mar an lá ceaptha chun críocha *alt 30*, agus ón lá sin an tÚdarás Náisiúnta Iompair;

ciallaíonn “bus” feithicil inneallghluaiste atá ceaptha le haghaidh taistil de bhóthar agus ina bhfuil cóiríocht suite do níos mó ná 9 nduine (lena n-áirítear an tiománaí);

ciallaíonn “Coimisiún” an Coimisiún um Rialáil Tacsaithe;

ciallaíonn “lá díscailte” an lá a cheapfaidh an tAire le hordú faoi *alt 31* chun an Coimisiún um Rialáil Tacsaithe a dhíscaoileadh;

ciallaíonn “MLBÁC” Mór-Limistéar Bhaile Átha Cliath;

ciallaíonn “ceadúnas” ceadúnas chun seirbhís bus phoiblí do phaisinéirí a sholáthar arna dheonú faoi *Chuid 2*, seachas ceadúnas arna dheonú faoin Acht um Iompar ar Bhóithre 1932 nó seirbhís idirnáisiúnta a sholáthraítear faoi chomhaontuithe idirnáisiúnta nó faoi reachtaíocht nó rialacha de chuid AE atá ar marthain;

ciallaíonn “seirbhís idirnáisiúnta” seirbhís atá údaraithe faoi Rialachán (CEE) Uimh. 684/92 an 16 Márta 1992 ón gComhairle ar chomhrialacha maidir le hiompar idirnáisiúnta paisinéirí ar chóiste agus ar bhus nó an Comhaontú maidir le hIompar Idirnáisiúnta Paisinéirí de Bhóthar trí Sheirbhísí Ócáideacha Cóiste agus Bus (ASOR), nó an Comhaontú maidir le hiompar ócáideach idirnáisiúnta paisinéirí ar chóiste agus ar bhus (Comhaontú Interbus) nó aon Chomhaontú Idirnáisiúnta eile a bhaineann le seirbhísí bus do phaisinéirí idir an Stát agus tíortha eile;

ciallaíonn “Aire” an tAire Iompair;

ciallaíonn “Straitéis Spáis Náisiúnta” an Straitéis Spáis Náisiúnta: 2002-2020 arna foilsiú ag an Rialtas an 28 Samhain 2002 nó aon doiciméad arna fhoilsiú ag an Rialtas lena leasaítear í nó a chuirtear ina hionad;

ciallaíonn “seirbhís bus phoiblí do phaisinéirí” bus nó busanna a thaistealaíonn go hiomlán nó go formhór ar bhóithre poiblí chun paisinéirí a iompar, a úsáid ar shlí—

- (a) ina bhfuil gach turas oscailte lena úsáid ag daoine den phobal,
- (b) ina n-íoctar muirear nó muirir i leith gach paisinéara, agus
- (c) ach amháin mar a gcinnfidh an tÚdarás a mhalairt,
  - (i) ina soláthraítear an tseirbhís ar bhonn rialta agus sceidealta, agus
  - (ii) ina soláthraítear iompar do phaisinéirí idir pointí cinn scríbe sonraithe nó feadh cúrsa shonraithe nó thairis sin de réir amchláir fhoilsithe,

agus nach seirbhís bus í d’aon toisc chun leanaí a iompar chun na scoile nó uaithe;

tá le “conradh seirbhísí iompair phoiblí” an bhrí a shanntar dó le halt 47 d’Acht 2008;

tá le “bóthar poiblí” an bhrí a shanntar dó le hAcht 1993;

tá le “oibleagáid seirbhíse poiblí ” an bhrí a shanntar dó le halt 47 d’Acht 2008;

ciallaíonn “ceadúnas oibritheora iompair paisinéirí de bhóthar” ceadúnas oibritheora iompair paisinéirí náisiúnta nó idirnáisiúnta de bhóthar de réir bhrí alt 2 den Acht um Thrácht ar Bhóithre agus Iompar 2006;

ciallaíonn “Iompar 21” an creat infheistíochta caipitiúla a d’fhoilsigh an tAire i Samhain 2005.

3.—Déanfar na caiteachais a thabhoídh an tAire ag riaradh an Achta seo a íoc, a mhéid a cheadóidh an tAire Airgeadais é, as airgead a sholáthroidh an tOireachtas. Caiteachais.

4.—(1) Gach ordú (seachas ordú faoi *ailt 5, 29, 30, 44* agus *46*) nó gach rialachán a dhéanfaidh an tAire faoin Acht seo, leagfar é faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is indéanta tar éis a dhéanta. Orduithe agus rialacháin a leagan faoi bhráid Thithe an Oireachtais.

(2) Féadfaidh ceachtar Teach den Oireachtas, le rún arna rith laistigh de 21 lá tar éis an lae a leagtar rialachán nó ordú faoina bhráid, an rialachán nó an t-ordú a neamhniú.

(3) Tagann neamhniú rialacháin nó ordaithe faoi *fho-alt (2)* in éifeacht láithreach ar an rún lena mbaineann a rith, ach ní dhéanann sé difear do bhailíocht aon ní a rinneadh faoin rialachán nó faoin ordú roimh an rún sin a rith.

## CUID 2

### SEIRBHÍSÍ BUS POIBLÍ DO PHAISINÉIRÍ A CHEADÚNÚ

5.—Tagann an Chuid seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a shocrófar chuige sin le hordú nó le horduithe ón Aire, i gcoitinne nó faoi threoir aon chríche nó forála áirithe, agus féadfar laethanta éagsúla a shocrú amhlaidh chun críoch éagsúil agus le haghaidh forálacha éagsúla den Acht seo. Tosach feidhme (Cuid 2).

6.—(1) Faoi réir *alt 20*, ní fhéadfar seirbhís bus poiblí do phaisinéirí, seachas seirbhís den sórt sin is ábhar do chonradh i leith seirbhísí iompair poiblí arna dhéanamh faoi alt 48 d’Acht 2008 nó seirbhís idirnáisiúnta, a sholáthar ach amháin de réir ceadúnais. Ceanglas a bheith ceadúnaithe.

(2) Aon duine a sholáthraíonn seirbhís bus poiblí do phaisinéirí de shárú ar *fho-alt (1)* déanann sé nó sí cion.

7.—(1) Faoi réir na Coda seo, féadfaidh an tÚdarás ceadúnas a dheonú i leith seirbhíse bus poiblí do phaisinéirí. Ceadúnais a dheonú.

(2) Sonrófar i gceadúnas an bealach nach mór don tseirbhís bus poiblí do phaisinéirí lena mbaineann sé a leanúint, pointe tosaithe agus pointe críochnaithe na seirbhíse agus aon phointí staid feadh an bhealaigh.

(3) I gcás inar cuí é, ag féachaint don earnáil seirbhíse bus poiblí do phaisinéirí dá dtagraítear sa cheadúnas, féadfar ceanglais a shonrú sa cheadúnas i ndáil le sceidealú agus minicíocht oibríthe na seirbhíse bus poiblí do phaisinéirí lena mbaineann sé.

(4) (a) Faoi réir *mhír (b)*, i gcás nach gcomhlíonann sealbhóir ceadúnais ceanglas a shonraítear sa cheadúnas faoi *fho-ailt (2)* nó *(3)*, déanann sé nó sí cion.

(b) Is cosaint é ag duine a chúisítear i gcion faoin alt seo go ndearnadh athrú sealadach ar an tseirbhís atá i gceist ag féachaint d'imhosca atá leagtha amach i dtreoirlínte a ullmhófar faoi *alt 23*.

Earnálacha  
ceadúnas agus  
tréimhsí ceadúnas.

8.—(1) (a) Féadfaidh an tÚdarás earnálacha éagsúla seirbhísí bus poiblí do phaisinéirí a shonrú ar ina leith a fhéadfar ceadúnais a dheonú agus leagfaidh sé amach mionsonraí maidir leis na hearnálacha sin i dtreoirlínte a ullmhófar faoi *alt 23*.

(b) I measc nithe eile, féadfaidh an tÚdarás, le linn dó earnálacha a shonrú faoi *mhír (a)*, aird a thabhairt ar chineálacha éagsúla seirbhísí, ar mhinicíocht seirbhísí, ar sceidealú seirbhísí agus ar an tráth den bhliain a n-oibreoidh earnálacha áirithe seirbhísí lena linn.

(2) Déanfaidh an tÚdarás an tréimhse bhailíochta i leith ceadúnas a chinneadh agus, i gcás ina sonrúidh sé earnálacha éagsúla seirbhísí bus poiblí do phaisinéirí faoi *fho-alt (1)*, féadfaidh sé tréimhsí bailíochta éagsúla a chinneadh i leith gach earnála, faoi réir tréimhse uasta 5 bliana i ngach cás.

Foirm iarratais.

9.—(1) Déanfar iarratas chun ceadúnas a dheonú chun an Údarás i cibé foirm agus ar cibé modh agus beidh ag gabháil leis doiciméid agus faisnéis tacaíochta eile de réir mar a chinnfidh an tÚdarás ó am go ham agus an táille chuí a chinnfear faoi *alt 12*.

(2) I gcás nach mbeidh iarratas chun ceadúnas a dheonú déanta i gcomhlíonadh iomlán ceanglas a chinnfidh an tÚdarás faoi *fho-alt (1)*, tabharfaidh an tÚdarás fógra don iarratasóir ar an gceadúnas i dtaobh dáta deiridh chun glacadh leis an iarratas iomlán agus ní bheidh d'oibleagáid ar an Údarás an t-iarratas a bhreithniú tuilleadh mura bhfaighfear an t-iarratas iomlán an dáta sin nó roimhe.

Forálacha ginearálta  
maidir le breithniú  
a dhéanamh ar  
iarratais chun  
ceadúnais a dheonú.

10.—(1) Le linn don Údarás breithniú a dhéanamh ar iarratas chun ceadúnas a dheonú agus ag féachaint do na cuspóirí ginearálta arna mbunú faoi alt 10 d'Acht 2008—

(a) déanfaidh sé an t-éileamh nó an t-éileamh ionchasach atá ann ar na seirbhísí bus poiblí do phaisinéirí dá dtagraítear san iarratas a chur i gcuntas ag féachaint do riachtanais tomhaltóirí agus d'aon seirbhísí bus poiblí láithreacha do phaisinéirí atá ar an mbealach nó i gcomharsanacht an bhealaigh a ndéanfaidh na seirbhísí bus poiblí beartaithe do phaisinéirí freastal air, agus

(b) ach amháin i gcás inar iarratas i leith earnála ceadúnais a measfaidh an tÚdarás nach earnáil chuí í an t-iarratas,



déanfaidh sé aon cheann nó gach ceann díobh seo a leanas a chur i gcuntas:

- (i) an gá atá le córas seirbhísí agus gréasán iompair phoiblí a sholáthar do na húsáideoirí go léir, ar córas é a fheidhmíonn go maith agus atá tarraingteach, iomaíoch, comhtháite agus sábháilte,
- (ii) an gá atá ann le dea-ord agus sábháilteacht a chaomhnú ar bhóithre poiblí,
- (iii) an tionchar a bheadh ag seirbhís bheartaithe bus phoiblí do phaisinéirí ar sheirbhísí iompair phoiblí do phaisinéirí atá faoi réir conartha i leith seirbhísí iompair phoiblí faoi Chuid 3, Caibidil 2, d'Acht 2008 ar an mbealach beartaithe nó i gcomharsanacht an bhealaigh bheartaithe,
- (iv) an rannchuidiú a dhéanfaidh an tseirbhís bheartaithe bus phoiblí do phaisinéirí i dtaca le méadú ar infhaighteacht seirbhísí iompair phoiblí don phobal a bhaint amach,
- (v) an Straitéis Spáis Náisiúnta,
- (vi) an Plean Gníomhaíochta um Thaisteal agus Iompar Inbhuanaithe d'Éirinn,
- (vii) treoirlínte pleanála réigiúnacha iomchuí faoi Chaibidil III de Chuid II d'Acht 2000,
- (viii) Iompar 21 nó aon chreat infheistíochta caipitiúla le haghaidh iompair dá éis sin arna fhoilsiú ag an Aire nó ag an Rialtas,
- (ix) treochtaí daoneolaíochta, eacnamaíochta agus sóisialta,
- (x) straitéisí agus pleananna turasóireachta náisiúnta agus réigiúnacha, agus
- (xi) pleananna forbartha údarás áitiúil.

(2) D'fhonn breithniú a dhéanamh ar iarratas chun ceadúnas a dheonú, féadfaidh an tÚdarás—

- (a) aon aighneacht a chuirfear faoina bhráid ag an iarratasóir nó thar ceann an iarratasóra a scrúdú,
- (b) a iarraidh ar an iarratasóir nó ar aon pháirtí eile, lena n-áirítear aon údarás áitiúil (de réir bhrí an Achta Rialtais Áitiúil 2001) ar ina limistéar feidhme a oibreoidh an tseirbhís bheartaithe bus phoiblí do phaisinéirí, faisnéis a chur faoina bhráid, nó
- (c) aon ní eile a scrúdú a mheasfaidh sé is iomchuí maidir le leas an phobail le linn iarratas a bhreithniú.

(3) Ní bhreithneofar iarratas chun ceadúnas a dheonú mura suífidh an t-iarratasóir chun sástacht an Údaráis—

- (a) go bhfuil na hacmhainní riachtanacha airgeadais agus na hacmhainní riachtanacha eile aige nó aici is gá chun an tseirbhís bus poiblí do phaisinéirí a sholáthar nó go bhfuil ar a chumas nó ar a cumas na hacmhainní sin a fháil,
- (b) go bhfuil reachtaíocht náisiúnta agus idirnáisiúnta maidir le hiompar ar bhóithre comhlíonta aige nó aici, agus
- (c) go sealbhaíonn sé nó sí deimhniú imréitigh cánach reatha arna eisiúint faoi alt 1095 (a cuireadh isteach le halt 127 den Acht Airgeadais 2002) den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997.

(4) Féadfaidh an tÚdarás treoir a chur ar fáil d'iarratasóirí i ndáil le hiarratais a bhreithniú faoin alt seo i dtreoirilínte a dhéanfar faoi *alt 23*.

(5) Más rud é, tar éis dó breithniú a dhéanamh ar iarratas, go gcinneadh an tÚdarás go bhfuil gá leis an tseirbhís bus poiblí do phaisinéirí lena mbaineann an t-iarratas, agus go sáidh an t-iarratasóir go bhfuil *fo-alt (3)* comhlíonta aige nó aici chun sástacht an Údaráis, deonóidh an tÚdarás ceadúnas.

(6) I gcás ina gcinneadh an tÚdarás gan ceadúnas a dheonú, cuirfidh sé an méid sin in iúl don iarratasóir agus leagfaidh sé amach na cúiseanna atá leis an gcinneadh sin.

Tairiscint ceadúnas a dheonú.

**11.**—(1) Féadfaidh an tÚdarás a chinneadh, sula ndeonóidh sé aon cheadúnas, nó ceadúnais i leith earnálacha áirithe seirbhísí bus poiblí do phaisinéirí, tairiscint a dhéanamh don iarratasóir ina leagfar amach—

- (a) mionsonraí na seirbhíse bus poiblí do phaisinéirí ar ina leith a bheartaítear an ceadúnas a dheonú,
- (b) na coinníollacha faoi *alt 13* a bheartaítear a chur chun feidhme maidir le hoibriú na seirbhíse bus poiblí do phaisinéirí,
- (c) na doiciméid agus an fhaisnéis eile nach foláir don iarratasóir a chur faoi bhráid an Údaráis sula ndeonófar an ceadúnas,
- (d) an táille arna cinneadh faoi *alt 12* nach foláir a íoc sula ndeonófar ceadúnas, agus
- (e) an tréimhse ar laistigh di nach foláir don iarratasóir freagra i scríbhinn a thabhairt ar dhéanamh na tairisceana á rá go nglactar leis an tairiscint sin.

(2) I gcás nach ndéanfaidh iarratasóir *fo-alt (1)* a chomhlíonadh go hiomlán laistigh den tréimhse a bhunófar faoin bhfo-alt sin, scoirfidh an tairiscint d'éifeacht a bheith léi agus cuirfidh an tÚdarás in iúl don iarratasóir nach ndéanfar an t-iarratas a bhreithniú tuilleadh.

Táillí.

**12.**—(1) Cinnfidh an tÚdarás ó am go ham leibhéal na dtáillí a bheidh le muirearú as iarratas a dhéanamh chun ceadúnas a dheonú agus as ceadúnas a dheonú agus as iarratas chun ceadúnas a leasú, a

aistriú nó a athnuachan agus féadfaidh sé leibhéil éagsúla táillí a chinneadh i leith gach earnála seirbhíse bus poiblí do phaisinéirí a shonraítear faoi *alt 8*.

(2) Ní bhreithneofar iarratas chun ceadúnas a dheonú, chun ceadúnas a leasú, a aistriú nó a athnuachan go dtí go mbeidh an táille chuí íoctha.

(3) Ní bheidh aon táille inaisíoctha le hiarratasóir in aon imthosca.

(4) Fabhróidh na táillí a chinnfidh an tÚdarás faoin alt seo chuig an Údarás agus déanfar iad a chur chun feidhme chun íoc as na caiteachais a thabhoídís an tÚdarás go cuí le linn a fheidhmeanna a chomhall.

**13.**—(1) Le linn ceadúnas a dheonú, a leasú nó a athnuachan, féadfaidh an tÚdarás coinníollacha a chur i bhfeidhm maidir leis an gceadúnas i leith oibriú na seirbhíse bus poiblí do phaisinéirí lena mbaineann sé.

Coinníollacha a chur ag gabháil le ceadúnais.

(2) D'ainneoin ghinearáltacht *fho-alt (1)*, féadfaidh an tÚdarás coinníollacha a fhorchur a bhaineann leis na nithe seo a leanas—

- (a) an t-iarratasóir nó an sealbhóir ceadúnais do chomhlíonadh cheanglais *alt 10(3)* gach tráth,
- (b) sceidealú agus minicíocht seirbhísí bus, lena n-áirítear athruithe ar na minicíochtaí sin laethanta éagsúla nó le linn tréimhsí éagsúla gach lá,
- (c) an bealach a bheidh le gabháil ag an tseirbhís,
- (d) na háiteanna staid ar an mbealach i gcomhair na seirbhíse, lena n-áirítear coinníollacha a bhaineann le rochtain ar an tseirbhís agus nó imeacht ón tseirbhís ag pointí sonraithe,
- (e) pointe tosaithe agus pointe críochnaithe na seirbhíse,
- (f) ticéadú i gcomhair seirbhísí, lena n-áirítear i gcás inar cuí, ticéadú a chomhtháthú le seirbhísí iompair eile a sholáthraíonn an t-iarratasóir nó oibrítheoirí seirbhísí iompair phoiblí eile,
- (g) meaisíní dáilte ticéad nó trealamh ticéadaithe eile, lena n-áirítear trealamh ticéadaithe chomhtháite, a sholáthar,
- (h) an líon íosta feithiclí nach mór a choimeád ar fáil lena n-imscaradh le linn an tseirbhís a sholáthar, agus
- (i) na caighdeáin inrochtaineachta íosta agus na caighdeáin astaíochtaí i leith truailléan agus torainn a bheidh le comhlíonadh i gcás feithiclí a imscartar le linn an tseirbhís a sholáthar.

(3) Féadfaidh an tÚdarás a cheangal ar an iarratasóir amchlár i gcomhair seirbhíse bus poiblí do phaisinéirí a sholáthar agus go ndéanfar an t-amchlár sin a chur ar taispeáint mar fhaisnéis don phobal in áiteanna agus ar cibé modh a chinnfidh sé.

(4) Ach amháin i gcás go measann an tÚdarás nach cuí é, ceanglóidh an tÚdarás nach foláir ceadúnas, nó doiciméad ina

dtaispeántar mionsonraí ceadúnais i bhformáid a bheidh ceadaithe aige, a chur ar taispeáint san fheithicil atá á húsáid chun seirbhís bus phoiblí do phaisinéirí a sholáthar agus féadfaidh sé na hionaid agus an modh a leagan amach chun an ceadúnas nó an doiciméad sin a chur ar taispeáint.

(5) Féadfaidh an tÚdarás amchlár aon seirbhíse bus poiblí do phaisinéirí ar ina leith a deonaíodh ceadúnas a fhoilsiú in aon fhormáid trí aon mhodh is cuí leis a úsáid, lena n-áirítear modh leictreonach.

(6) Féadfaidh an tÚdarás coinníollacha éagsúla leithleacha a bhunú i ndáil le hearnálacha éagsúla seirbhísí bus poiblí do phaisinéirí.

(7) Aon sealbhóir ceadúnais nó duine atá ag gníomhú thar ceann sealbhóra ceadúnais nach ndéanfaidh, le linn seirbhís bus phoiblí do phaisinéirí a sholáthar, coinníoll arna chun feidhme maidir le ceadúnas a chomhlíonadh, déanann sé nó sí cion.

Ceadúnas a leasú.

**14.—(1)** I gcás go mbeartaíonn sealbhóir ceadúnais seirbhís bus phoiblí do phaisinéirí ar ina leith a deonaíodh ceadúnas a athrú, ní mór don sealbhóir iarratas a dhéanamh chun an Údarás chun leasú ar an gceadúnas sin a dheonú.

(2) Déanfar iarratas faoi *fho-alt (1)* i bhfoirm agus ar mhodh, agus beidh doiciméid, an táille chuí agus faisnéis tacaíochta eile ag gabháil leis, de réir mar a chinnfidh an tÚdarás ó am go ham.

(3) Tá feidhm ag *ailt 10 go 13* maidir le hiarratais arna ndéanamh faoi *fho-alt (1)*.

(4) (a) Faoi réir *mhír (b)*, i gcás go n-athraíonn an sealbhóir ceadúnais seirbhís bus phoiblí do phaisinéirí gan ceadúnas leasaithe a fháil faoi *fho-alt (1)*, déanann an sealbhóir cion.

(b) Is cosaint é do dhuine a chúisítear i gcion faoin alt seo go ndearnadh athrú sealadach ar an tseirbhís atá i gceist ag féachaint d'imthosca atá leagtha amach i dtreoirlínte a ullmhófar faoi *alt 23*.

Ceanglas tús a chur le seirbhísí bus poiblí do phaisinéirí.

**15.—(1)** Faoi réir *fho-alt (2)*, ní mór do shealbhóir ceadúnais tús a chur le seirbhís bus phoiblí do phaisinéirí laistigh de 4 mhí ón dáta a dheonaigh nó a leasaigh an tÚdarás an ceadúnas i leith na seirbhíse.

(2) Féadfaidh an tÚdarás ar iarraidh ón sealbhóir ceadúnais agus tar éis a dheimhniú dó féin go bhfuil na cúiseanna leis an iarraidh bailí, an tréimhse dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* a fhadú go dáta a chinnfidh sé agus cuirfidh sé an méid sin in iúl don iarratasóir.

(3) Tabharfaidh an sealbhóir ceadúnais daingniú don Údarás i dtaobh tús a chur le seirbhís bus phoiblí do phaisinéirí laistigh den tréimhse atá leagtha amach i *bhfo-alt (1)* nó a chinnfear faoi *fho-alt (2)*.

(4) I gcás ina mainneoidh sealbhóir ceadúnais an ceanglas atá leagtha amach i *bhfo-alt (3)* a chomhlíonadh, nó i gcás ina dtiocfaidh an tÚdarás ar an eolas nach bhfuil tús curtha le seirbhís bus phoiblí do phaisinéirí faoin dáta cuí, tabharfaidh sé fógra don sealbhóir

ceadúnais á rá go gcúlghairfear an ceadúnas ar dháta a bheidh 14 lá tar éis an fhógra sin mura dtabharfaidh an sealbhóir ceadúnais cruthúnas gur cuireadh tús leis an tseirbhís roimh an dáta sin.

**16.—(1)** Féadfaidh an sealbhóir ceadúnais iarratas a dhéanamh chun an tÚdarás chun an ceadúnas a athnuachan agus féadfaidh an tÚdarás an ceadúnas a athnuachan nó diúltú é a athnuachan. Ceadúnais a athnuachan.

(2) (a) Déanfar iarratas chun ceadúnas a athnuachan i bhfoirm agus ar mhodh agus beidh ag gabháil leis faisnéis eile tacaíochta a chinnfidh an tÚdarás ó am go ham agus an táille is iomchuí maidir leis an iarratas chun ceadúnas a athnuachan arna cinneadh faoi *alt 12*.

(b) I gcás nach mbeidh iarratas chun ceadúnas a athnuachan déanta i gcomhlíonadh iomlán *mhír (a)*, tabharfaidh an tÚdarás fógra do shealbhóir an cheadúnais i dtaobh dáta dheireanaigh chun glacadh leis an iarratas iomlán agus á rá nach ndéanfar aon bhreithniú ar an iarratas mura bhfaighfear an t-iarratas iomlán an dáta sin nó roimhe.

(3) Le linn dó breithniú a dhéanamh ar iarratas chun ceadúnas a athnuachan—

(a) féachfaidh an tÚdarás dá mhéid a rinneadh an tseirbhís bus poiblí do phaisinéirí a sholáthar ag féachaint do théarmaí agus coinníollacha an cheadúnais, agus

(b) déanfaidh sé forálacha *ailt 10 go 13* a chur chun feidhme, de réir mar is cúil leis.

(4) Tosóidh feidhm gach athnuachana ar cheadúnas go díreach ar dhul in éag don cheadúnas nó don athnuachan deiridh ar an gceadúnas (de réir mar a bheidh) ar athnuachan air í agus, mura gcúlghairtear roimhe sin faoi *alt 19* é, leanfaidh sé i bhfeidhm ar feadh na tréimhse bailíochta a shonróidh an tÚdarás, ar tréimhse í nach faide ná 5 bliana.

**17.—(1)** San alt seo, ciallaíonn “ionadaí pearsanta” seiceadóir nó riarthóir an tsealbhóra ceadúnais nó duine eile atá aitheanta in uacht an tsealbhóra ceadúnais, nó i litreacha riaracháin a bhaineann le riaradh eastáit an tsealbhóra ceadúnais, chun leanúint d’oibriú na seirbhíse bus poiblí do phaisinéirí lena mbaineann ceadúnas. Sealbhóir ceadúnais d’fháil bháis.

(2) I gcás sealbhóir ceadúnais d’fháil bháis, féadfaidh a ionadaí pearsanta nó a hionadaí pearsanta an tseirbhís bus poiblí do phaisinéirí lena mbaineann an ceadúnas, a sheoladh faoin gceadúnas sin, go dtí go rachaidh an ceadúnas in éag.

(3) Féadfaidh ionadaí pearsanta sealbhóra ceadúnais iarratas a dhéanamh chun an ceadúnas a athnuachan faoi *alt 16*, agus is é nó í an sealbhóir ceadúnais ar an gceadúnas a athnuachan.

**18.—(1)** I gcás ina ndéanfar úinéireacht seirbhíse bus poiblí do phaisinéirí ceadúnaithe a aistriú go dtí duine eile, féadfaidh an tÚdarás, ar iarratas ón duine sin agus ar an táille chuí a íoc, faoi réir *fho-alt (2)*, an ceadúnas a aistriú chuig an duine sin. Ceadúnais a aistriú.

(2) Maidir le hiarratas arna dhéanamh faoi *fho-alt (1)*, déanfar é a bhreithniú de réir *alt 10(2)* agus (3).

(3) Ní dhéantar, le haistriú ceadúnais faoin alt seo aon difear do thréimhse bhailíochta an cheadúnais.

(4) (a) Ach amháin mar a fhoráiltear san alt seo nó in *alt 17*, ní dhéanfaidh an sealbhóir ceadúnais ceadúnas a aistriú chuig duine eile.

(b) I gcás ina dtiocfaidh an tÚdarás ar an eolas go ndearnadh ceadúnas a aistriú ar shlí seachas mar a fhoráiltear san alt seo nó in *alt 17*, déanfaidh sé an ceadúnas a chúlghairm le héifeacht láithreach.

An tÚdarás do chúlghairm ceadúnas.

19.—(1) Féadfaidh an tÚdarás ceadúnas a chúlghairm—

(a) i gcás ina n-iarrfaidh an sealbhóir ceadúnais go gcúlghairfear ceadúnas,

(b) más deimhin leis an Údarás, nach bhfuil an tseirbhís bus phoiblí do phaisinéirí, ar ina leith a deonaíodh an ceadúnas, á soláthar,

(c) sna himthosca atá leagtha amach in *ailt 15(4)* agus *18(4)(b)*, nó

(d) tar éis duine a chiontú i gcion faoin gCuid seo.

(2) (a) I gcás ina mbeartaíonn an tÚdarás ceadúnas a chúlghairm de réir *fho-alt (1)(b)*, (c) nó (d), tabharfaidh sé fógra 14 lá don sealbhóir ceadúnais faoina bhfuil beartaithe aige agus iarrfaidh sé ar an sealbhóir aighneachtaí i scríbhinn a dhéanamh chuige agus breithneoidh sé iad sula ndéanfaidh sé cinneadh ceadúnas a chúlghairm.

(b) Más rud é, tar éis dó aighneachtaí faoi *mhír (a)* a bhreithniú, go gcinnefidh an tÚdarás gur cheart an ceadúnas a chúlghairm, cuirfidh sé in iúl don sealbhóir i scríbhinn go mbeidh éifeacht leis an gcúlghairm 14 lá tar éis dháta na cumarsáide sin.

(3) Foilseoidh an tÚdarás ó am go ham mionsonraí maidir leis na cionta a bhféadfaidh sé ceadúnas a chúlghairm ina leith faoi *fho-alt (1)(d)*.

(4) I gcás ina ndéanfar ceadúnas oibritheora iompair paisinéirí de bhóthar a chúlghairm nó a tharraingt siar faoi ghníomh de chuid institiúide de na Comhphobail Eorpacha i ndáil le paisinéirí a iompar de bhóthar, faoi Acht den Oireachtas i ndáil le paisinéirí a iompar de bhóthar, nó faoi aon rialachán a dhéantar faoi alt 3 d'Acht na gComhphobal Eorpach 1972 lena dtugtar éifeacht do ghníomh de chuid institiúide de na Comhphobail Eorpacha i ndáil le paisinéirí a iompar de bhóthar, beidh ceadúnas arna dheonú faoin gCuid seo don duine a shealbhaigh an ceadúnas oibritheora iompair paisinéirí de bhóthar lena mbaineann arna chúlghairm.

(5) Aon duine a leanann de sheirbhís bus phoiblí do phaisinéirí a sholáthar, is seirbhís ar cúlghaireadh ceadúnas ina leith faoin alt seo, beidh cion déanta aige nó aici.

**20.**—(1) Maidir le seirbhísí bus poiblí do phaisinéirí a sholáthraíonn Bus Éireann agus Bus Átha Cliath ar lá thosach feidhme an ailt seo, agus nach bhfuil faoi réir conartha faoi Chuid 3, Caibidil 2 d’Acht 2008, féadfar leanúint dá n-oibriú go dtí cibé tráth, nach déanaí ná 2 bhliain tar éis an lae sin, a dheonóidh an tÚdarás ceadúnas.

Seirbhísí láithreacha áirithe bus poiblí do phaisinéirí a cheadúnú.

(2) Déanfaidh an tÚdarás, d’ainneoin *alt 9*, ceadúnas i leith seirbhísí bus poiblí do phaisinéirí dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* a dheonú agus ní faide an tréimhse a mhairfidh na ceadúnais tosaigh sin ná aon bhliain amháin, agus féadfar iad a athnuachan dá éis sin faoi *alt 16*.

(3) Gach uile cheadúnas faoi Acht 1932 atá i bhfeidhm ar lá thosach feidhme an ailt seo, leanfaidh siad i bhfeidhm go dáta atá le cinneadh ag an Údarás, is dáta nach déanaí ná 2 bhliain tar éis dháta chothrom an lae a rinneadh an ceadúnas a dheonú nó a athnuachan faoi Acht 1932, agus féadfar iad a athnuachan dá éis sin faoi *alt 16*.

**21.**—Ainmneoidh an tÚdarás daoine i scríbhinn chun bheith ina n-oifigigh bhreithiúnachta chun cinneadh a dhéanamh i dtaobh iarratas chun ceadúnas a dheonú, a leasú, a athnuachan, a aistriú nó a chúlghairm.

Oifigigh bhreithiúnachta.

**22.**—(1) (a) Faoi réir *mhír (b)*, féadfaidh iarratasóir ar cheadúnas a dheonú, a leasú, a athnuachan, nó a aistriú, nó féadfaidh sealbhóir ceadúnais, i gcás go gcúlghairtear ceadúnas faoi *alt 19(1)(b)*, achomharc i scríbhinn a dhéanamh chuig an Údarás i gcoinne breithe nó cuid de bhreith arna tabhairt ag oifigeach breithiúnachta faoin gCuid seo laistigh de 21 lá ó dháta fhógra na breithe sin.

Achomhairc.

(b) Déanfar in achomharc faoi *mhír (a)* na forais a bheidh leis an achomharc a leagan amach agus, mura leagfar amach aon fhorais den sórt sin, ní bhreithneofar an t-achomharc.

(2) Ceapfaidh an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin oifigeach don Údarás atá ar chéim atá comhionann le céim an oifigigh breithiúnachta a thug an bhreith ba bhun leis an achomharc, nó níos airde, chun bheith ina oifigeach achomhairc nó ina hoifigeach achomhairc chun an t-achomharc a bhreithniú agus breith a thabhairt air.

(3) Is iad feidhmeanna an oifigigh achomhairc a cheapfar faoi *fho-alt (2)* achomhairc a dhéantar faoi *fho-alt (1)* a bhreithniú agus breith a thabhairt orthu.

(4) Faoi réir na Coda seo, beidh oifigigh achomhairc neamhspleách i gcomhlíonadh a bhfeidhmeanna dóibh.

(5) (a) Sula mbreithníonn sé nó sí achomharc faoi *fho-alt (1)*, iarrfaidh oifigeach achomhairc aighneachtaí i scríbhinn ó pháirtí ar bith a thug fógra go raibh leas aige nó aici sa bhreith bhunaidh ba bhun leis an achomharc agus tabharfaidh sé nó sí cóip den achomharc a rinneadh faoi *fho-alt (1)* do na páirtithe sin.

(b) Ní mór aighneacht faoi *mhír (a)* a bheith faighte ag an oifigeach achomhairc ar an dáta a bheidh sonraithe ag an oifigeach sin nó roimhe (agus beidh an dáta sin 14 lá ar a laghad tar éis dháta na hiarrata dá dtagraítear i *mír (a)*).

- (c) I gcás go ndéanfar aighneachtaí faoi *mhír (a)*, cuirfidh an t-oifigeach achomhairc cóip díobh chuig an achomharcóir agus féadfaidh an t-achomharcóir tuairimí i scríbhinn i ndáil leis na haighneachtaí sin a chur isteach agus ní mór na tuairimí a bheith faighte ag an oifigeach achomhairc ar dháta nó roimh dháta a shonróidh an t-oifigeach sin (agus beidh an dáta sin 14 lá ar a laghad tar éis an dáta a cuireadh cóipeanna de na haighneachtaí chuig an achomharcóir).
- (6) (a) Déanfar fógra i scríbhinn faoin mbreith a thabharfaidh oifigeach achomhairc agus faoi na cúiseanna ar tugadh an bhreith sin a thabhairt don achomharcóir agus d'aon pháirtithe eile a rinne aighneacht faoi *fho-alt (5)*.
- (b) Aon doiciméad a airbheartóidh gur breith í arna tabhairt faoin alt seo ag oifigeach achomharc agus a bheith sínithe aige nó aici, beidh sé ina fhianaise *prima facie* gur tugadh an bhreith gan cruthúnas ar shíniú an oifigigh sin ná ar a cháil oifigiúil nó a cáil oifigiúil.
- (c) Faoi réir *fho-ailt (7)*, *(8)* agus *(9)* is breith chríochnaitheach dhochloíte breith ó oifigeach achomhairc i dtaobh aon achomhairc arna tharchur chuige nó chuici faoi *fho-alt (2)*.
- (7) (a) I gcás go mbeidh fógra faoi bhreith ó oifigeach achomhairc tugtha d'achomharcóir faoi *fho-alt (6)* agus go mbeidh sé nó sí míshásta leis an mbreith sin, féadfaidh an t-achomharcóir, laistigh de 14 lá tar éis dháta an fhógra, achomharc i gcoinne na breithe a dhéanamh chuig an mbreitheamh den Chuart Chuarda ar ina Chuaird nó ina Cuaird a chónaíonn an t-achomharcóir nó ina seolann sé nó sí gnó go príomha.
- (b) I gcás go ndéanfaidh achomharcóir achomharc chuig an mbreitheamh den Chúirt Chuarda faoi *mhír (a)*, tabharfaidh an t-achomharcóir fógra i scríbhinn i dtaobh an achomhairc sin don Údarás an tráth céanna.
- (8) Beidh an bhreith ón oifigeach achomhairc arna fionraí go dtí go gcinnfear an t-achomharc chuig an gCúirt Chuarda nó go dtarraingeofar siar é.
- (9) Ar achomharc faoi *fho-alt (7)* a éisteacht i ndáil leis an mbreith ón oifigeach achomhairc faoi *fho-alt (3)*, féadfaidh an Chúirt an bhreith a dhaingniú nó an t-achomharc a cheadú. Má cheadaítear an t-achomharc i ndáil le breith diúltú ceadúnas a dheonú, déanfaidh an tÚdarás, ar fhógra a bheith tugtha di ag an gCúirt, an ceadúnas a dheonú.
- Treoirlínte.
- 23.**—(1) Déanfaidh an tÚdarás treoirlínte a ullmhú agus a fhoilsiú ó am go ham i ndáil le seirbhísí bus poiblí do phaisinéirí a cheadúnú faoin gCuid seo.
- (2) D'ainneoin ghinearáltacht *fho-alt (1)*, maidir le haon treoirlínte faoin alt seo—
- (a) beidh ar áireamh iontu na critéir a bheartóidh an tÚdarás a chur chun feidhme maidir le breithniú a dhéanamh faoi *alt 10* ar iarratais chun ceadúnas a dheonú, agus



- (b) féadfar na himthosca a leagan amach iontu nach gá leasú ar ceadúnas a dheonú faoi *alt 14* mar gheall ar athrú sealadach ar sheirbhís bus phoiblí do phaisinéirí, agus
- (c) féadfaidh siad tagairt do nithe a bhainfidh le hiarratas chun ceadúnas a dheonú, a athnuachan, a aistriú nó a leasú, lena n-áirítear na próisis a bhainfidh le hiarratais, amhail na creataí ama chun breithniú a dhéanamh ar iarratais chun ceadúnais a dheonú, a athnuachan, a aistriú agus a leasú, agus na coinníollacha a fhéadfar a chur chun feidhme maidir le ceadúnas.

(3) Féadfaidh an tÚdarás aon fhoráil a bheidh i dtreoirlínte a fhoilseofar faoin alt seo a leasú agus foilseoidh sé aon leasú den sórt sin.

(4) Sula bhfoilseoidh sé treoirlínte nó aon chuid díobh nó leasuithe ar threoirlínte, faoin alt seo, déanfaidh an tÚdarás—

- (a) dréacht de na tograí a chur bhráid an Aire chun aon bharúlacha a thabhairt i scríbhinn don Údarás laistigh de mhí amháin ón iarraidh,
- (b) dréacht de na tograí a chur faoi bhráid an Chomhchoiste Oireachtais lena thuairim a fháil agus a iarraidh go ndéanfar aon tuairim den sórt sin a thabhairt i scríbhinn don Údarás laistigh de mhí amháin ón iarraidh a dhéanamh,
- (c) dréacht de na tograí a chur faoi bhráid an Údarás Iomaíochta chun a thuairim a fháil i dtaobh ar dhócha go mbeadh de thoradh ar aon fhoráil den dréacht, dá dtabharfaí éifeacht di, go gcoiscfí, go srianfaí nó go saobhfaí iomaíocht, agus a iarraidh go dtabharfar aon tuairim den sórt sin i scríbhinn don Údarás laistigh de mhí amháin ón iarraidh a dhéanamh,
- (d) dréacht de na tograí a fhoilsiú, ar cibé modh is cuí leis an Údarás, agus tréimhse mí amháin ar a laghad ó dháta foilsithe an dréachta a thabhairt do dhaoine chun uirill scríofa a dhéanamh i ndáil leis an dréacht, agus
- (e) tar éis na comhairle i *míreanna (a), (b), (c) agus (d)* a ghlacadh, agus tar éis breithniú a dhéanamh ar aon bharúlacha arna dtabhairt ag an Aire faoi *mhír (a)*, ar aon tuairim arna tabhairt ag an gComhchoiste Oireachtais dó faoi *mhír (b)* agus ag an Údarás Iomaíochta dó faoi *mhír (c)* agus ar na huirill arna ndéanamh faoi *mhír (d)*, más ann, na treoirlínte nó na codanna díobh nó na leasuithe orthu a fhoilsiú, modhnaithe nó gan mhodhnú.

(5) Déanfaidh an tÚdarás treoirlínte arna n-ullmhú agus arna bhfoilsiú ag an Údarás faoin alt seo a leagan faoi bhráid gach Tí de Thithe an Oireachtais.

(6) Cuirfidh an tÚdarás faoi deara fógra faoi fhoilsiú treoirlínte faoin alt seo a chur i nuachtán náisiúnta amháin nó níos mó agus ar a láithreán gréasáin ar an idirlíon.

(7) San alt seo ciallaíonn “Comhchoiste Oireachtais” Comhchoiste de Thithe an Oireachtais dár shann an tOireachtas an ról maidir le nithe a bhaineann le hiompar a scrúdú.

Cionta comhlachtaí corpraithe agus imeachtaí i leith cionta.

**24.—**(1) Aon duine a dhéanfaidh cion faoin gCuid seo, dlífear ar é nó í a chiontú go hachomair fíneáil nach mó ná €5,000 a chur air nó uirthi.

(2) I gcás go ndéanfaidh comhlacht corpraithe cion faoin gCuid seo agus go gcruthófar go ndearnadh é le toiliú nó go bhfuil sé inchurtha i leith aon fhaillí ar thaobh aon duine is stiúrthóir, bainisteoir, rúnaí nó oifigeach eile don chomhlacht corpraithe nó duine a d’airbheartaigh a bheith ag gníomhú sa cháil sin, déanann an duine sin, chomh maith leis an gcomhlacht corpraithe, cion agus dlífear ionchúiseamh a thabhairt ar aghaidh ina choinne nó ina coinne agus é nó í a phionósú amhail is dá mbeadh sé nó sí ag déanamh an chiona chéadluaite.

(3) Féadfaidh an tÚdarás imeachtaí i leith cion faoin gCuid seo a thionscnamh agus a thabhairt ar aghaidh.

Forálacha ginearálta a bhaineann le hoibriú na Coda seo.

**25.—**(1) Déanfaidh an tÚdarás athbhreithniú ar oibriú na Coda seo tráth nach déanaí ná 5 bliana tar éis thosach feidhme an ailt seo agus uair amháin ar a laghad gach 5 bliana dá éis sin.

(2) Déanfaidh an tÚdarás tuarascáil i dtaobh fionnachtana athbhreithnithe arna dhéanamh faoi *fho-alt (1)* a chur faoi bhráid an Aire.

(3) D’ainneoin *fho-alt (1)*, féadfaidh an tAire ó am go ham a iarraidh ar an Údarás athbhreithniú a dhéanamh ar an tslí a n-oibríonn sé aon cheann nó gach ceann d’fhorálacha na Coda seo agus tuarascáil a chur faoina bhráid nó faoina bráid i dtaobh fhionnachtana an athbhreithnithe sin.

(4) Ní dhéanann aon ní sa Chuid seo difear ar shlí ar bith do na cumhachtaí a thugtar don Aire faoi alt 26 d’Acht 1986 treoracha i dtaobh polasaí a thabhairt do Chóras Iompair Éireann.

Fógra a thabhairt agus fógraí.

**26.—**(1) I gcás ina gceanglófar ar an Údarás faoin gCuid seo fógra a thabhairt do dhuine, díreofar é chuig an duine agus tabharfar é don duine ar cheann de na slite seo a leanas—

- (a) trína sheachadadh ar an duine,
- (b) trína fhágáil ag an seoladh ag a seolann an duine gnó,
- (c) trína chur leis an bpost i litir chláráithe réamhíoctha a bheidh dírithe chuig an duine ag an seoladh ag a seolann an duine gnó,
- (d) más rud é go mbeidh seoladh le haghaidh seirbheáil fógra tugtha ag an duine, trína fhágáil ag an seoladh sin, nó trína chur leis an bpost cláráithe réamhíoctha chuig an seoladh sin agus é dírithe chuig an duine, nó
- (e) trína chur tríd an bpost leictreonach nó trí inneall macasamhla, chuig feiste nó saoráid chun post leictreonach nó macasamhla a ghlacadh atá suite ag an

seoladh ag a seolann an duine gnó nó, más rud é go mbeidh seoladh le haghaidh seirbheáil fógra tugtha ag an duine, chuig an seoladh sin, ach sin sa chás amháin—

(i) go ndéanann—

(I) saoráid an tseoltóra chun post leictreonach a ghlacadh teachtaireacht a ghiniúint lena ndaingnítear go bhfuarthas an post leictreonach, nó

(II) inneall macasamhla an tseoltóra teachtaireacht a ghiniúint lena ndaingnítear gur tarchuireadh líon iomlán leathanach an fhógra go rathúil,

agus

(ii) go dtugtar an fógra freisin ar cheann amháin eile de na slite a luaitear in aon cheann de na míreanna sin roimhe seo.

(2) Chun críocha *fho-alt (1)*, meastar gnáthchónaí a bheith ar chuideachta atá cláraithe faoi Achtanna na gCuideachtaí ag a hoifig chláraithe, agus meastar gnáthchónaí a bheith ar gach comhlacht corpraithe eile agus ar gach comhlacht neamhchorpraithe ag a phríomhoifig nó ag a áit ghnó.

(3) Aon chóip d'fhógra, a bhfuil deimhniú formhuinthe uirthi a airbheartaíonn a bheith sínithe ag oifigeach don Údarás á rá gur cóip dhílis den fhógra an chóip, féadfar, gan chruthúnas ar shíniú an duine sin, í a thabhairt ar aird i ngach cúirt agus san uile imeacht dlí agus, mura súffear a mhalairt, is fianaise ar an bhfógra í.

**27.**—(1) D'ainneoin Acht 1932 a aisghairm faoi *alt 28(a)*, i gcás ina ndearna duine iarratas ar cheadúnas faoin Acht sin roimh é aisghairm, breithneoidh an tÚdarás an t-iarratas faoin Acht sin agus déanfar aon tagairt san Acht sin don Aire i leith an iarratais a léamh mar thagairt don Údarás.

Foráil idirthréimhseach — iarratas ar cheadúnas faoi Acht 1932.

(2) I gcás go ndéileálfar faoi *fho-alt (1)* le hiarratas ar cheadúnas faoi Acht 1932 agus go ndeonófar an cheadúnas, measfar gur cheadúnas arna dheonú faoin gCuid seo an cheadúnas agus é a bheith i bhfeidhm go dtí dáta a chinnfidh an tÚdarás, is dáta nach sia ná 2 bhliain tar éis an chéad chothromlae eile den dáta a deonaíodh an cheadúnas faoi Acht 1932 agus féadfar é a athnuachan faoi *alt 16*.

**28.**—Aisghairtear na nithe seo a leanas:

Aisghairm (*Cuid 2*).

(a) an tAcht um Iompar ar Bhóithre 1932,

(b) ailt 66 go 73 den Acht um Iompar ar Bhóithre 1933, agus

(c) ailt 24 agus 25 den Acht Iompair 1958.

CUID 3

LEASUITHE AR AINM AGUS AR FHEIDHMEANNA ÚDARÁS IOMPAIR  
BHAILE ÁTHA CLIATH

Leasuithe ar Acht  
2008.

29.—(1) Leasaítear Acht 2008—

(a) in alt 2—

- (i) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh an mhínithe ar “Acht 2002”:

“ciallaíonn ‘Acht 2003’ an tAcht um Rialáil Tacsaithe 2003;”,

- (ii) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh an mhínithe ar “rotharbhealach”:

“ciallaíonn ‘an lá díscailte don Choimisiún um Rialáil Tacsaithe’ an lá a cheapfaidh an tAire le hordú faoi *alt 31 den Acht um Rialáil Iompair Phoiblí 2009* chun an Coimisiún um Rialáil Tacsaithe a dhíscaoileadh;”,

agus

- (iii) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “údarás áitiúil”:

“tá le ‘údarás áitiúil’ an bhrí a shanntar dó leis an Acht Rialtais Áitiúil 2001, seachas i gcomhthéacs feidhmeanna a fheidhmiú faoi Acht 2003 mar a mbeidh an bhrí atá in alt 2(1) den Acht sin leis.”,

- (b) in alt 9, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fh-alt (2):

“(2) Is é limistéar feidhme an Údaráis—

- (a) i ndáil le feidhmiú a fheidhmeanna faoi Chuid 3, Caibidil 2, den Acht seo, faoi *Chuid 2 den Acht um Rialáil Iompair Phoiblí 2009* agus faoi Acht 2003, an Stát,

- (b) i ndáil lena fheidhmeanna eile go léir, MLBÁC.”,

- (c) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad alt 10:

“10.—Le linn a fheidhmeanna a fheidhmiú, féachfaidh an tÚdarás leis na cuspóirí seo a leanas a bhaint amach—

- (a) córas comhtháite iompair a fhorbairt ar córas é trína gcuirtear le hinchothaitheacht chomhshaoil agus le comhtháthú sóisialta agus trína ndéantar dul chun cinn eacnamaíochta a chur chun cinn,

- (b) córas iompair phoiblí seirbhísí agus gréasán a sholáthar do na húsáideoirí go léir, ar córas é

a fheidhmíonn go maith agus atá tarraingteach,  
comhtháite agus sábháilte,

- (c) rochtain fheabhsaithe ar an gcóras iompair agus, go háirithe, ar sheirbhísí iompair phoiblí do phaisinéirí ag daoine faoi mhíchumas,
- (d) úsáid níos mó a bheith á baint as an gcóras iompair phoiblí,
- (e) iomaíocht rialaithe i soláthar seirbhísí bus poiblí do phaisinéirí ceadúnaithe ar mhaithe le leas an phobail,
- (f) na cuspóirí atá leagtha amach in alt 9 d’Acht 2003,
- (g) tuilleadh daoine ag dul i muinín rothaíochta agus siúil mar mhodhanna iompair, agus
- (h) luach ar airgead.”,

(d) in alt 11(1), tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (c):

“(ca) seirbhísí bus poiblí do phaisinéirí a cheadúnú ar seirbhísí iad nach bhfuil ina n-ábhar do chonradh i leith seirbhísí iompair phoiblí faoi alt 48,

(cb) creat rialaitheach a fhorbairt agus a chothabháil le haghaidh beagfheithiclí seirbhíse poiblí agus a dtiománaithe a rialú agus a oibriú de réir fhorálacha Acht 2003,”

(e) in alt 14—

(i) i bhfo-alt (1), trí “11 ghnáthchomhalta” a chur in ionad “9 ngnáthchomhalta”, agus

(ii) i bhfo-alt (2)(d), trí “8 ngnáthchomhalta” a chur in ionad “6 ghnáthchomhalta”,

(f) in alt 21(7) agus (8), trí “agus ailt 39 agus 40 den *Acht um Rialáil Iompair Phoiblí 2009*” a chur isteach i ndiaidh “110” agus “nó an lá díscaoilte don Choimisiún um Rialáil Tacsaithe, nó ar an lá nó na laethanta a shonróidh an tAire faoi alt 110(1)(e), de réir mar is cuí” a chur isteach i ndiaidh “lá díscaoilte” gach áit a bhfuil sé,

(g) in alt 48, tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (11):

“(12) I gcás go mbeartóidh an tÚdarás conradh i leith seirbhísí iompair phoiblí a dhéanamh, seachas conradh dírdhámhachtana dá dtagraítear in alt 52(3), déanfaidh sé—

(a) cuirfidh sé an togra chun conradh den sórt sin a dhéanamh in iúl d’aon údarás áitiúil ar ina limistéar feidhme a oibreoidh an tseirbhís iompair, agus

- (b) iarrfaidh sé ar aon údarás áitiúil den sórt sin tuairimí i scríbhinn a chur faoina bhráid i ndáil leis an gconradh beartaithe, agus breithneoidh sé na tuairimí sin sula ndéanfaidh sé an Conradh.”,
- (h) in alt 48(2)(b), trí “seirbhísí bus poiblí” a chur in ionad “seirbhísí poiblí bus do phaisinéirí” agus in ailt 48(6)(a), 52 agus 54, trí “seirbhísí bus poiblí” a chur in ionad “seirbhísí bus poiblí do phaisinéirí”,
- (i) in alt 52—
- (i) trí “laistigh de MLBÁC” i mír (1)(b) agus mír (3)(a) a scriosadh, agus
- (ii) trí “i MLBÁC” a scriosadh i bhfo-alt (2),
- (j) trí alt 54 a aisghairm,
- (k) in alt 74(6)(a), trí “a ullmhú” a chur in ionad “a dhéanamh”,
- (l) in alt 76—
- (i) trí “an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre” a chur in ionad “comhlacht comhairleach” i bhfo-alt (3), agus
- (ii) trí fho-ailt (4) agus (5) a scriosadh,
- (m) in alt 78(1), trí “a fheidhmeanna faoin Acht seo, faoi Chuid 3 d’Acht 2003, agus aird ar leith aige ar alt 49 den Acht sin, nó faoi *Chuid 2 den Acht um Rialáil Iompair Phoiblí 2009.*” a chur in ionad “a fheidhmeanna faoin Acht seo.”.

(2) Tagann an t-alt seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a shocrófar chuige sin le hordú nó le horduithe ón Aire agus féadfar laethanta éagsúla a shocrú le haghaidh leasuithe éagsúla a dhéantar leis an alt seo.

An tÚdarás  
Náisiúnta Iompair.

**30.**—(1) Athraítear ainm Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath, ar an lá ceaptha, agus tabharfar *The National Transport Authority* air, sa Bhéarla, nó an tÚdarás Náisiúnta Iompair, sa Ghaeilge.

(2) Déanfar tagairtí in Acht 2008, san Acht seo nó in aon Acht eile d’Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath nó don Údarás a fhorléiriú ón lá ceaptha mar thagairtí don Údarás Náisiúnta Iompair.

(3) D’ainneoin fhorálacha alt 63 d’Acht 2008, déanfaidh an tÚdarás Náisiúnta Iompair, tráth ar bith ar ordachán ón Aire, tuarascáil a chur faoi bhráid an Aire ina leagfar amach moltaí i ndáil le leathnú a fheidhmeanna, a limistéir feidhme agus a réimse freagrachta d’fhonn réimse freagrachta náisiúnta a thabhairt dó i leith a chumhachtaí, a dhualgas agus a fheidhmeanna uile faoi Acht 2008 agus faoin Acht seo.

(4) Féadfaidh an tAire le hordú lá a cheapadh chun bheith ina lá ceaptha chun críocha an ailt seo.

CUID 4

AN COIMISIÚN UM RIALÁIL TACSAITHE A DHÍSCAOILEADH AGUS  
FOIREANN AGUS FEIDHMEANNA AN CHOIMISIÚIN A AISTRÍÚ

**31.**—Tá an Coimisiún um Rialáil Tacsaithe arna dhíscaoileadh, ar iarraidh ón Údarás, cibé lá a cheapfaidh an tAire le hordú.

An Coimisiún um Rialáil Tacsaithe a dhíscaoileadh.

**32.**—(1) Ar an lá díscailte, beidh an talamh go léir a bhí, díreach roimh an lá sin, dílsithe don Choimisiún, agus na cearta, na cumhachtaí agus na pribhléidí go léir a bhaineann nó a ghabhann leis an talamh sin, arna ndílsíú, gan aon tíolacadh, aistriú ná sannadh, don Údarás go feadh an eastáit nó an leasa go léir ar a raibh sé dílsithe don Choimisiún, ach sin faoi réir na n-iontaobhas agus na gcothromas go léir a dhéanann difear don talamh agus a bheidh ar marthain agus inchomhlíonta.

Talamh agus maoin eile a aistriú.

(2) Ar an lá díscailte, maidir leis an maoin go léir seachas talamh (lena n-áirítear ábhar i gcaingean), a bhí, díreach roimh an lá sin, ina maoin de chuid an Choimisiúin, beidh sí, gan aon aistriú ná sannadh, arna haistriú chuig an Údarás.

(3) Gach ábhar i gcaingean a aistrítear le *fo-alt* (2), féadfaidh an tÚdarás, an lá díscailte nó dá éis, agairt ina leith, é a ghnóthú nó é a fhorfheidhmiú ina ainm féin agus ní gá don Údarás fógra faoin aistriú a dhéantar leis an alt seo a thabhairt don duine a bheidh faoi cheangal ag aon ábhar i gcaingean den sórt sin.

(4) An t-airgead, na stoic, na scaireanna agus na hurrúis go léir a aistrítear chuig an Údarás le *fo-alt* (2), agus a bheidh in ainm an Choimisiúin díreach roimh an lá díscailte, aistireofar iad isteach in ainm an Údaráis, ar an Údarás é a iarraidh.

**33.**—Na cearta agus na dliteanais go léir a shealbhaítear, a theachtar, nó a thabhaítear de bhua aon chonartha nó gealltanais (sainráite nó intuigthe) arna dhéanamh ag an gCoimisiún, beidh siad arna n-aistriú chuig an Údarás ar an lá díscailte, faoi réir a n-aistrithe i leabhair aon bhainc, corparáide nó cuideachta más gá.

Cearta agus dliteanais a aistriú.

**34.**—(1) Gach banna, ráthaíocht nó urrús eile de ghné leanúnach a rinne nó a thug an Coimisiún do dhuine eile, nó a rinne nó a thug aon duine don Choimisiún, agus a bheidh i bhfeidhm díreach roimh an lá díscailte agus gach conradh nó comhaontú i scríbhinn arna dhéanamh idir an Coimisiún agus aon duine eile agus nach mbeidh forghníomhaithe agus curtha i gcrích go hiomlán roimh an lá díscailte, leanann sé i bhfeidhm ar an lá díscailte agus dá éis, d'ainneoin an Coimisiúin a dhíscaoileadh, ach forléireofar iad agus beidh éifeacht leo amhail is dá gcuirfí an tÚdarás in ionad an Choimisiúin iontu.

Conarthaí láithreacha a choimeád ar marthain.

(2) Gach doiciméad eile a dheonaigh nó a rinne an Coimisiún agus a bheidh i bhfeidhm díreach roimh an lá díscailte, leanann sé i bhfeidhm ar an lá sin agus dá éis amhail is dá mba é an tÚdarás a dheonaigh nó a rinne é agus forléireofar é agus beidh éifeacht leis agus beidh sé infheidhmithe ag an Údarás nó ina choinne.

Leanúint  
d'imeachtaí  
dlíthiúla.

**35.**—Sna himeachtaí dlíthiúla go léir ar pháirtí iontu an Coimisiún agus a bheidh ar feitheamh díreach roimh an lá díscailte, déanfar ainm an Údaráis a chur in ionad ainm an Choimisiúin sna himeachtaí agus ní rachaidh na himeachtaí ar ceal mar gheall ar an gcur in ionad sin.

Tagairtí sa  
reachtaíocht don  
Choimisiún.

**36.**—Aon tagairtí don Choimisiún atá, díreach roimh an lá díscailte, in aon reacht nó in aon ionstraim reachtúil arna déanamh faoi reacht nó i meabhrán comhlachais nó in airteagail chomhlachais aon chuideachta, léifear iad, ar an lá sin agus dá éis, mar thagairtí don Údarás a mhéid a bhaineann siad le haon ní a aistrítear leis an Acht seo.

Cuntais  
chríochnaitheacha.

**37.**—(1) Déanfar cuntais chríochnaitheacha i leith an Choimisiúin a tharraingt suas.

(2) D'ainneoin *alt 31*, leanfaidh an tOrdú fán Acht um Rialáil Tacsaithe 2003 (Cuid 2) (An Lá Bunaithe) 2004 (I.R. Uimh. 523 de 2004) de bheith i bhfeidhm, agus beidh éifeacht leis i ndáil leis na cuntais arna dtarraingt suas faoi *fho-alt (1)*.

Inghlacthacht  
doiciméad i  
bhfianaise.

**38.**—(1) Na leabhair agus na doiciméid eile go léir a bhí ordaithe nó údaraithe le haon achtachán nó faoi don Choimisiún a choimeád, agus a bheadh, go díreach roimh an lá díscailte, inghlactha i bhfianaise, glacfar i bhfianaise iad, d'ainneoin an Coimisiúin a dhíscaoileadh, ar lá an díscailte nó dá éis amhail is nár achtaíodh an Chuid seo.

(2) In aon chás ina mbeadh sliocht as aon leabhar nó doiciméad eile nó deimhniú ar an ábhar atá in aon leabhar nó doiciméad eile, a bhí ordaithe nó údaraithe le haon achtachán nó faoi don Choimisiún a choimeád, dá mbeadh sé arna fhíordheimhniú ag oifigeach áirithe de chuid an chomhlachta sin, inghlactha, díreach roimh an lá díscailte, mar fhianaise ar an ábhar sin, déanfar sliocht as an leabhar nó as an doiciméad sin nó deimhniú ar an ábhar atá sa leabhar nó sa doiciméad sin, má bhíonn sé fíordheimhnithe sa tslí áirithe sin ag oifigeach de chuid an Údaráis (agus ní gá stádas oifigiúil an oifigigh a chruthú) a bheidh údaraithe ag an Údarás chuige sin, a ghlacadh mar fhianaise, an lá díscailte nó dá éis, ar an ábhar sin go feadh an mhéid chéanna a ghlacfaí an sliocht nó an deimhniú céadluaithe sin amhlaidh dá mba rud é nár achtaíodh an Chuid seo.

(3) Aon chóip d'aon doiciméad, nó aon sliocht as aon doiciméad, dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*, is cóip nó sliocht a thabharfaidh an tÚdarás ar aird, agus a bheidh deimhnithe mar chóip dhílis faoi láimh oifigigh den Údarás sin (agus ní gá stádas oifigiúil an oifigigh a chruthú) a bheidh údaraithe ag an Údarás chun na críche sin, beidh sí nó sé inghlactha i bhfianaise i ngach imeacht dlíthiúil mar ní a bhfuil an bhailíocht chéanna aige leis an doiciméad bunaidh, agus ní eiseofar ó aon chúirt, ach amháin le cead ón gcúirt sin, aon phróis chun a chur faoi deara don Údarás aon doiciméad den sórt sin a thabhairt ar aird.

Fostaithe an  
Choimisiúin a  
aistriú.

**39.**—(1) Gach duine a bhí, díreach roimh an lá díscailte, ag fónamh mar Choimisinéir um Rialáil Tacsaithe tar éis é nó í a cheapadh faoi alt 14 d'Acht 2003 agus gach duine a ceapadh faoi alt 18 d'Acht 2003 chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta d'fhoireann an Choimisiúin, aistrefar é nó í chuig an Údarás agus



tiocfaidh sé nó sí chun bheith ina fhostaí nó ina fostaí den Údarás an lá sin.

(2) Ach amháin i gcomhréir le comhaontú comhchoiteann arna chaibidil le ceardchumann nó comhlachas fostaithe aitheanta, beidh aon duine a aistrefar faoin alt seo i dteideal téarmaí agus coinníollacha fostaíochta nach lú fabhar, fad a bheidh sé nó sí ar fostú ag an Údarás, ná na téarmaí agus na coinníollacha fostaíochta a raibh an duine ina dteideal díreach roimh an lá díscaoilte.

(3) Go dtí go ndéanfaidh an tÚdarás na téarmaí agus na coinníollacha fostaíochta a raibh duine a aistrítear faoin alt seo ina dteideal díreach roimh an lá díscaoilte a athrú tar éis dó dul i gcomhairle agus teacht ar chomhaontú comhchoiteann leis an gceardchumann nó leis an gcomhlachas fostaithe aitheanta lena mbaineann, leanfaidh siad d'fheidhm a bheith acu maidir leis an duine sin fad a bheidh sé nó sí i bhfostaíocht an Údaráis.

(4) Beidh seirbhís roimhe sin ag duine a aistrefar faoin alt seo le háireamh mar sheirbhís chun críocha na nAchtanna seo a leanas, ach sin faoi réir aon eisceachtaí nó aon eisiamh iontu:

- (a) na hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta 1967 go 2007,
  - (b) an tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha) 2001,
  - (c) an tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocraithe) 2003,
  - (d) an tAcht um Eagrú Ama Oibre 1997,
  - (e) na hAchtanna um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis) 1994 agus 2001,
  - (f) na hAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta 1973 go 2005,
  - (g) na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach 1977 go 2007,
  - (h) na hAchtanna um Chosaint Mháithreachais 1994 agus 2004,
  - (i) na hAchtanna um Shaoire do Thuismitheoirí 1998 agus 2006,
  - (j) na hAchtanna um Shaoire Uchtaíoch 1995 agus 2005, agus
  - (k) an tAcht um Shaoire Cúramóra 2001.
- (5) (a) Tá feidhm ag forálacha alt 21(7) agus (8) d'Acht 2008 i ndáil le téarmaí agus coinníollacha lena rialaítear sochair aoisliúntais a dheonófar faoi scéimeanna arna ndéanamh faoi alt 21 d'Acht 2008 do dhaoine a aistrefar chuig an Údarás faoin alt seo.
- (b) Maidir leis na téarmaí agus na coinníollacha lena rialaítear sochair aoisliúntais a dheonófar do dhaoine a cheapfar faoi alt 18 d'Acht 2003 chun bheith ina gcomhaltáí d'fhoireann an Choimisiúin ní lú fabhar iad ná na téarmaí agus na coinníollacha sin a raibh na daoine atá i gceist ina dteideal díreach roimh an lá díscaoilte, agus a d'eascair as

scéim a ullmhaíodh de réir alt 24 d’Acht 2003, lena n-áirítear scéim den sórt sin atá á cur i ngníomh ar bhonn riaracháin, díreach roimh an lá díscaoilte.

(6) San alt seo—

ciallaíonn “seirbhís roimhe sin” seirbhís roimh an lá díscaoilte leis an gCoimisiún, lena n-áirítear seirbhís ináirithe roimhe sin laistigh den Státseirbhís agus den tSeirbhís Phoiblí;

ciallaíonn “ceardchumann nó comhlachas fostaithe aitheanta” ceardchumann nó comhlachas fostaithe atá aitheanta ag an Údarás chun críocha caibidlí a bhaineann le téarmaí agus coinníollacha fostaíochta agus coinníollacha oibre fostaithe;

folaíonn “téarmaí agus coinníollacha fostaíochta” téarmaí agus coinníollacha i leith seilbh oifige, luach saothair agus nithe gaolmhara.

An Coimisinéir um Rialáil Tacsaithe a aistríú chuig an Údarás.

**40.**—(1) Faoi réir *fho-alt* (3) agus (4), beidh an duine a bhí, díreach roimh an lá díscaoilte, ag fónamh i bpost an Choimisinéara um Rialáil Tacsaithe faoi alt 14 d’Acht 2003, i dteideal, fad a bheidh sé nó sí i bhfostaíocht an Údaráis, téarmaí agus coinníollacha fostaíochta nach lú fabhar ná na téarmaí agus na coinníollacha sin a raibh an duine ina dteideal díreach roimh an lá díscaoilte.

(2) (a) Beidh an duine dá dtagraítear i *bhfo-alt* (1) agus a aistrítear chuig an Údarás faoi alt 39, is duine a rachaidh a théarma oifige nó a téarma oifige in éag trí imeacht aimsire in-athcheaptha chun fónamh ar feadh an dara téarma ceapacháin de réir alt 14(6) d’Acht 2003 (ach sin faoi réir teorann gan fónamh ach ar feadh deich mbliana ar a mhéad san iomlán i bpost an Choimisinéara um Rialáil Tacsaithe).

(b) Beidh aon athcheapadh sa todhchaí a eascróidh faoi *mhír* (a) ar théarmaí agus ar choinníollacha fostaíochta nach lú fabhar ná na téarmaí agus na coinníollacha sin a raibh an duine ina dteideal le linn an chéad téarma ceapacháin.

(3) (a) Faoi réir *mhír* (b), coimeádfaidh an duine dá dtagraítear i *bhfo-alt* (1) agus a aistrítear chuig an Údarás teideal an Choimisinéara um Rialáil Tacsaithe ar bhonn pearsanta.

(b) Féadfaidh an tÚdarás, i gcomhairle leis an gCoimisinéir um Rialáil Tacsaithe má shealbhaíonn duine an post sin, cinneadh teideal agus feidhmeanna phost an Choimisinéara um Rialáil Tacsaithe a athrú le linn an téarma sin nó ag dáta éigin sa todhchaí.

(4) Déanfaidh an tÚdarás ceapacháin chuig post an Choimisinéara um Rialáil Tacsaithe nó aon phost athainmnithe a eascróidh as *fo-alt* (3)(b), agus beidh siad ar cibé téarmaí agus coinníollacha, lena n-áirítear luach saothair, a chinnfidh an tÚdarás le toiliú an Aire agus an Aire Airgeadais.

(5) D’ainneoin aisghairm ailt 14(6), 16 agus 17 d’Acht 2003 le *halt* 42(3), leanfaidh na hailt sin i bhfeidhm agus leanfaidh siad d’éifeacht a bheith leo i leith an duine dá dtagraítear i *bhfo-alt* (1) agus a aistrítear chuig an Údarás faoi alt 39, faoi réir tagairt don Údarás a

chur in ionad tagairtí sna hailt sin don Choimisiún agus don Aire faoi seach.

- (6) (a) Beidh feidhm ag forálacha alt 21(7) agus (8) d'Acht 2008 i ndáil le téarmaí agus coinníollacha lena rialaítear sochair aoisliúntais a dheonaítear faoi scéimeanna arna ndéanamh faoi alt 21 d'Acht 2008 don duine dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*.
- (b) Ní lú fabhar na téarmaí agus na coinníollacha lena rialaítear sochair aoisliúntais a dheonaítear don duine dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* ná na téarmaí agus na coinníollacha a raibh an duine ina dteideal díreach roimh an lá díscaoilte agus a d'eascair as scéim arna hullmhú de réir alt 23 d'Acht 2003, lena n-áirítear scéim den sórt sin atá á cur i ngníomh ar bhonn riaracháin, díreach roimh an lá díscaoilte.

**41.**—(1) Le héifeacht ón lá díscaoilte, déanfaidh an tÚdarás príomhfeidhm an Choimisiúin a chomhlíonadh agus féachfaidh sé le cuspóirí an Choimisiúin arna leagan amach in alt 9 d'Acht 2003 a bhaint amach.

Feidhmeanna an  
Choimisiúin a  
aistriú chuig Údarás  
Iompair Bhaile  
Átha Cliath.

(2) Le héifeacht ón lá díscaoilte, déantar cumhachtaí, feidhmeanna agus dualgais an Choimisiúin arna leagan amach in Acht 2003 a thabhairt don Údarás.

- (3) (a) Faoi réir *mhír (b)* agus *alt 40(3)*, déanfaidh an duine a mbeidh post an Choimisinéara um Rialáil Tacsaithe nó aon phost athainmnithe a eascróidh as forálacha *alt 40(3)* á shealbhú aige nó aici feidhmeanna rialála an Údaráis faoi Acht 2003 a fheidhmiú.
- (b) Féadfaidh an tÚdarás comhalta eile d'fhoireann an Údaráis a ainmniú chun a fheidhmeanna rialála faoi Acht 2003 a fheidhmiú.

## CUID 5

LEASUITHE AR ACHT 2003, AR ACHT 1993, AR ACHT 2000, AR AN  
ACHT IOMPAIR (BONNEAGAR IARNRÓID) 2001 AGUS AR ACHT NA  
MBÓITHRE 2007

**42.**—(1) Leasaítear na hAchtanna a shonraítear i *Sceideal 1* mar a léirítear sa *Sceideal sin*.

Leasuithe ar  
achtacháin agus  
aisghairm.

(2) Leasaítear Acht 2003, ar an lá díscaoilte, mar a léirítear i *Sceideal 2*.

(3) Aisghairtear ailt 5 go 7, 13 go 21, 23 go 27, 29 agus 30 d'Acht 2003 ar an lá díscaoilte.

**43.**—Leasaítear Acht 2003 ar an lá díscaoilte—

Tagairtí athraithe  
don Choimisiún  
agus don  
Chomhairle in Acht  
2003.

- (a) tríd an leagan cúí gramadaí de “Údarás” a chur in ionad an leagain chomhfhreagraigh de “Coimisiún” in ailt 9 go 12, 22, 32, 34, 36 go 39, 41, 42, 45 go 52, 54 agus 55, agus

- (b) tríd an leagan cuí gramadaí de “Coiste Comhairleach” a chur in ionad an leagain chomhfhreagraigh de “Comhairle” in ailt 11, 34, 41, 42, 48, 54 agus 55.

Leasú ar Acht 2000. **44.**—(1) Leasaítear Acht 2000—

- (a) in alt 24, tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (5A) (a cuireadh isteach le halt 90 d’Acht 2008):

“(5B) Nuair a ullmhóidh údarás réigiúnach (seachas na húdaráis réigiúnacha atá laistigh de MLBÁC) an dréacht de na treoirlínte pleanála réigiúnacha déanfaidh sé ráiteas a chur isteach sa dréacht sin ar na gníomhartha atá á ndéanamh nó a bheartaítear chun comhtháthú éifeachtach a chinntiú maidir le pleanáil iompair agus úsáide talún, lena n-áirítear go háirithe—

- (a) ráiteas ina míneofar an tslí ina mbeartaíonn sé aghaidh a thabhairt ar na nithe atá sainaitheanta i dtuarascáil ÚIBÁC arna hullmhú de réir alt 31FF, agus

- (b) i gcás nach mbeartaíonn sé aghaidh a thabhairt ar aon ní atá sainaitheanta i dtuarascáil ÚIBÁC arna hullmhú de réir alt 31FF, nó go mbeartaíonn sé gan aghaidh a thabhairt ar aon ní ach go páirteach, ráiteas maidir leis na cúiseanna atá leis an gcur chuige sin.”

- (b) in alt 25, tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3A) (a cuireadh isteach le halt 91 d’Acht 2008):

“(3B) Nuair a dhéanfaidh údarás réigiúnach (seachas na húdaráis réigiúnacha atá laistigh de MLBÁC) treoirlínte pleanála réigiúnacha déanfaidh sé ráiteas a chur sna treoirlínte ar na gníomhartha atá á ndéanamh nó a bheartaítear chun comhtháthú éifeachtach a chinntiú maidir le pleanáil iompair agus úsáide talún, lena n-áirítear go háirithe—

- (a) ráiteas ina míneofar an tslí ina mbeartaíonn sé aghaidh a thabhairt ar na nithe atá sainaitheanta i dtuarascáil ÚIBÁC arna hullmhú de réir alt 31GG, agus

- (b) i gcás nach mbeartaíonn sé aghaidh a thabhairt ar aon ní atá sainaitheanta i dtuarascáil ÚIBÁC arna hullmhú de réir alt 31GG, nó go mbeartaíonn sé gan aghaidh a thabhairt ar aon ní ach go páirteach, ráiteas maidir leis na cúiseanna atá leis an gcur chuige sin.”

- (c) in alt 31A (a cuireadh isteach le halt 93 d’Acht 2008), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2)(a):

“(2) (a) Más rud é maidir le haighneacht arna fáil ag an Aire agus arna hullmhú—

- (i) de réir alt 31G(1), go bhfuil ráiteas inti den chineál dá dtagraítear in alt 31G(1)(b), féadfaidh an tAire, ar chúiseanna a

shonrófar, a ordú do na húdaráis atá laistigh de MLBÁC cibé bearta sonraithe a ghlacadh, a cheanglóidh sé nó sí, chun na dréacht-treoirlínte pleanála réigiúnacha a athbhreithniú d'fhonn a chinntiú go mbeidh comhsheasmhacht ann idir na dréacht-treoirlínte pleanála réigiúnacha agus straitéis iompair ÚIBÁC. Comhlíonfaidh na húdaráis aon ordachán den sórt sin, nó

- (ii) de réir alt 31GG(1), go bhfuil ráiteas inti den chineál dá dtagraítear in alt 31G(1)(b), féadfaidh an tAire, ar chúiseanna a shonrófar, a ordú don údarás cibé bearta sonraithe a ghlacadh a cheanglóidh sé nó sí, chun na dréacht-treoirlínte pleanála réigiúnacha a athbhreithniú chun socrú a dhéanamh le haghaidh comhtháthú éifeachtach maidir le pleanáil iompair agus úsáide talún sna dréacht-treoirlínte pleanála réigiúnacha agus comhlíonfaidh an t-údarás aon ordachán den sórt sin.”

- (d) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 31F (a cuireadh isteach le halt 95 d’Acht 2008):

“31FF.—(1) I gcás ina mbeidh beartaithe ag údarás réigiúnach (seachas na húdaráis réigiúnacha laistigh de MLBÁC) treoirlínte pleanála réigiúnacha a dhéanamh de réir alt 24, nó treoirlínte láithreacha a athbhreithniú faoi alt 26, rachaidh sé, a luaithe is féidir, i gcomhairle le hÚIBÁC d’fhonn na socrúithe a dhéanamh is gá chun na treoirlínte a dhéanamh.

(2) Cuideoidh agus comhoibreoidh ÚIBÁC leis an údarás réigiúnach le linn socrúithe a dhéanamh chun treoirlínte pleanála réigiúnacha a ullmhú agus le linn ullmhú na dtreoirlínte a chur i gcrích.

(3) Le linn dó a fheidhmeanna faoi fho-alt (2) a chomhlíonadh, déanfaidh ÚIBÁC, laistigh de 6 sheachtain ón tráth a thosóidh comhchomhairliúchán faoi fho-alt (1), tuarascáil a ullmhú agus a chur faoi bhráid an údaráis réigiúnaigh maidir leis na saincheisteanna ar chóir don údarás réigiúnach iad a bhreithniú, ina thuairim, le linn dó treoirlínte pleanála réigiúnacha a dhéanamh.”

- (e) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 31G (a cuireadh isteach le halt 95 d’Acht 2008):

“31GG.—(1) I gcás ina bhfaighidh ÚIBÁC fógra faoi alt 24(4) ó údarás réigiúnach (seachas na húdaráis réigiúnacha laistigh de MLBÁC) déanfaidh ÚIBÁC, mar chuid d’aon aighneacht i scríbhinn i dtaobh na ndr éacht-treoirlínte pleanála réigiúnacha, a lua maidir leis na saincheisteanna arna n-ardú aige ina thuarascáil faoi alt 31FF, cibé acu, ina thuairim—

- (a) a dhírítear go sásúil orthu sna dréacht-treoirlínte pleanála réigiúnacha, nó

(b) nach ndírítear go sásúil orthu sna dréacht-treoirlínte pleanála réigiúnacha.

(2) Más rud é i gcomhthéacs fho-alt (1)(b) go ndéanfaidh ÚIBÁC aighneacht, cuirfidh sé in iúl cé na leasuithe ar na dréacht-treoirlínte pleanála réigiúnacha a mheasann sé ba cheart a dhéanamh chun comhtháthú éifeachtach a chinntiú maidir le pleanáil iompair agus úsáide talún.

(3) Cuirfidh ÚIBÁC cóipeanna d'aighneacht arna hullmhú faoin alt seo chuig an Aire agus chuig an Aire Iompair.”.

(2) Tiocfaidh an t-alt seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a shocrófar chuige sin le hordú nó le horduithe ón Aire agus féadfar laethanta éagsúla a shocrú le haghaidh leasuithe éagsúla a dhéantar leis an alt seo.

## CUID 6

### ILGHNÉITHEACH

Údarás inniúil  
Airteagal 6 de  
Threoir 2001/14/CE.

**45.**—Is é nó is í an tAire an t-údarás inniúil chun críche Airteagal 6 de Threoir 2001/14/CE an 26 Feabhra 2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>1</sup> maidir le toilleadh bonneagair iarnróid a leithroinnt agus muirir a thobhach as úsáid bonneagair iarnróid agus deimhniúchán sábháilteachta.

Bearta chun  
seirbhísí bus poiblí  
a fheabhsú —  
bearta maolaithe  
tráchta.

**46.**—(1) Leasaítear alt 38 d’Acht 1994 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (9):

“(9) San alt seo—

ciallaíonn “bus” feithicil inneallghluaiste atá ceaptha le haghaidh taistil de bhóthar agus ina bhfuil cóiríocht suite do níos mó ná ná 9 nduine (lena n-áirítear an tiománaí);

folaíonn “soláthar” cur suas nó suíomh, cothabháil agus (i gcás gléis chun comharthaí a thabhairt go meicniúil) oibriú;

ciallaíonn “seirbhís bus poiblí” bus nó busanna a thaistealaíonn go hiomlán nó go formhór ar bhóithre poiblí chun paisinéirí a iompar, a úsáid ar shlí—

(a) ina soláthraítear an tseirbhís ar bhonn rialta agus sceidealta,

(b) ina bhfuil gach turas oscailte lena úsáid ag daoine den phobal ar,

(c) ina soláthraítear iompar do phaisinéirí idir pointí cinn scríbe sonraithe nó ar feadh cúrsa shonraithe nó thairis sin de réir amchláir fhoilsithe, agus

(d) ina n-íoctar muirear nó muirir i leith gach paisinéara;

<sup>1</sup>IO Uimh. L75, 15.03.2001, lch.29

ciallaíonn “bearta maolaithe tráchta” bearta—

- (a) lena bhfeabhsáítear soláthar seirbhísí bus poiblí, lena n-áirítear bearta lena sriantar nó lena rialaítear rochtain ar bhóthar poiblí iomlán nó ar chuid de ag feithiclí inneallghluaiste (cibé acu i gcoitinne nó d’aicme áirithe) chun seirbhísí bus poiblí a fheabhsú, nó
- (b) lena ndéantar luas nó gluaiseacht feithiclí inneallghluaiste (cibé acu i gcoitinne nó d’aicme áirithe) a shrianadh nó a rialú nó rochtain acu ar bhóthar poiblí nó ar bhóithre poiblí a chosc, a shrianadh nó a rialú, agus bearta lena n-éascaítear úsáid shábháilte bóithre poiblí ag aicmí éagsúla tráchta (lena n-áirítear coisithe agus rothaithe),

agus folaíonn sé chun críocha an mhéid thuasluaite síneacha tráchta, marcálacha bóthair, mullaird, poist, cuailí, sicéin, limistéir tormáin, foréadain bhóthair atá ardaithe, íslithe, nó modhnaithe, rampaí, cúisíní luais, táblaí luais nó oibreacha nó feistí eile dá samhail, oileáin nó tearmainn láir, compail, acomhail mhodhnaithe, oibreacha chun leithead an róid a laghdú nó a mhodhnú agus tírdhreachú, plandú, agus oibreacha eile dá samhail a sholáthar.”.

(2) Leasaítear alt 179(6) d’Acht 2000 tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (b):

“(bb) arb éard í oibreacha, seachas oibreacha lena ngabhann leathnú bóthair, chun seirbhísí bus poiblí a fheabhsú nó chun feabhas a chur ar shaoráidí do rothaithe a sholáthraítear faoi alt 95 (arna leasú le halt 37 den Acht um Thrácht ar Bhóithre 1994) den Acht um Thrácht ar Bhóithre 1961 nó faoi alt 38 den Acht um Thrácht ar Bhóithre 1994.”.

(3) I gcás ina measfaidh an tÚdarás, maidir le feidhmeanna údaráis bóithre síneacha tráchta a sholáthar faoi alt 95 (arna leasú le halt 37 d’Acht 1994) d’Acht 1961 nó bearta maolaithe tráchta a sholáthar faoi alt 38 d’Acht 1994 go mbeadh sé níos áisiúla, níos éasca, níos éifeachtaí nó níos eacnamúla dá ndéanfadh sé iad a chomhlíonadh chun seirbhísí bus poiblí a fheabhsú nó chun feabhas a chur ar shaoráidí i gcomhair rothaithe, déanfaidh sé, tar éis dul i gcomhairle leis an údarás bóithre iomchuí, cinneadh síneacha tráchta nó bearta maolaithe tráchta a sholáthar.

(4) I gcás ina ndéanfaidh an tÚdarás cinneadh feidhmeanna a chomhlíonadh faoi *fho-alt (3)*, beidh cumhachtaí údaráis bóithre aige chun síneacha tráchta a sholáthar faoi alt 95 (arna leasú le halt 37 d’Acht 1994) d’Acht 1961 nó chun bearta maolaithe tráchta a sholáthar faoi alt 38 d’Acht 1994.

(5) Sula ndéanfaidh an tÚdarás oibreacha ag eascairt as cinneadh faoi *fho-alt (3)* rachaidh, sé i gcomhairle leis an údarás bóithre iomchuí agus breithneoidh sé a thuairimí.

(6) Féadfaidh an tAire aicme cáis a fhorordú nach mbeidh éifeacht le cinneadh ón Údarás faoi *fho-alt (3)* mura mbeidh, agus go dtí go mbeidh, sé ceadaithe aige nó aici.

(7) Ní chuirfidh údarás bóithre srian ná toirmeasc le hoibriú beart maolaithe tráchta arna soláthar ag an Údarás faoi *fho-alt (3)* gan toiliú roimh ré ón Údarás.

(8) San alt seo—

ciallaíonn “Acht 1961” an tAcht um Thrácht ar Bhóithre 1961;

ciallaíonn “Acht 1994” an tAcht um Thrácht ar Bhóithre 1994;

tá le “údarás bóithre” an bhrí a shanntar dó le hAcht 1993;

tá le “seirbhís bus phoiblí” agus “bearta maolaithe tráchta” na bríonna a shanntar dóibh, faoi seach, faoi alt 38(9) d’Acht 1994.

(9) Tiocfaidh an t-alt seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a shocrófar chuige sin le hordú nó le horduithe ón Aire agus féadfar laethanta éagsúla a shocrú chun críocha leasuithe éagsúla arna ndhéanamh leis an alt seo nó le haghaidh forálacha éagsúla.



SCEIDEAL 1

Alt 42(1).

ACHTANNA ÁIRITHE A LEASÚ

CUID 1

LEASÚ AR ACHT 2003

Ítim (1)	An Fhoráil a leasaítear (2)	An Cineál Leasaithe (3)
1.	Alt 34	An méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (8):  “(8) Féadfaidh an Coimisiún, le linn dó rialacháin a dhéanamh faoin alt seo, ceanglais agus coinníollacha éagsúla a shocrú—  (a) i ndáil le hearnálacha éagsúla beagfheithicil seirbhíse poiblí agus a dtiománaithe a cheadúnú agus a oibriú,  (b) le haghaidh imthosca éagsúla, agus  (c) le haghaidh limistéar éagsúil.”
2.	Alt 36 (arna leasú le halt 21 den Acht um Thrácht ar Bhóithre 2006)	An méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (6):  “(7) Aon tagairt do chion a luaitear i bhfo-alt (1) nó (5), foláionn sí tagairt do chion comhréireach faoi dhlí tíre nó críche lasmuigh den Stát, is cion a mbeifear tar éis iarratasóir ar cheadúnas nó sealbhóir ceadúnais a chiontú ina leith sa dlínse eile.”
3.	Alt 38(3)	An méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (b):  “(bb) i gcás oibreoirí seachadta, ceadúnais le haghaidh tacsaithe atá inrochtana ag cathaoireacha rothaí agus cibé earnálacha eile ceadúnais beagfheithicil seirbhíse poiblí a bheidh le cinneadh ag an gCoimisiún, faisnéis teagmhála an tsealbhóra chun áirithintí a dhéanamh agus a ghlacadh, mar aon le mionsonraí i ndáil le limistéar oibríthe agus uaireanta oibríthe an tsealbhóra,”
4.	Alt 43	An t-alt seo a leanas a chur ina ionad:  “43.—(1) Ní dhéanfaidh duine feithicil inneallghluaiste is féidir a cheadúnú, nó atá ceadúnaithe, mar bheagfheithicil seirbhíse poiblí a thiomáint nó a úsáid in áit phoiblí (de réir bhrí Acht 1961) chun daoine a iompar ar luaíocht mura rud é go sealbhaíonn an duine ceadúnas chun beagfheithicil seirbhíse poiblí a thiomáint.  (2) Ní dhéanfaidh duine feithicil inneallghluaiste is féidir a cheadúnú mar bheagfheithicil seirbhíse poiblí a thiomáint nó a úsáid in áit phoiblí (de réir bhrí Acht 1961) chun daoine a iompar ar luaíocht mura rud é go bhfuil ceadúnas beagfheithicil seirbhíse poiblí i bhfeidhm i leith na feithicil.  (3) Tá an fheidhm chéanna ag fo-ailt (1) agus (2) maidir le duine a bhfuil feithicil inneallghluaiste is féidir a cheadúnú, nó atá ceadúnaithe, mar bheagfheithicil seirbhíse poiblí, ar cíós nó ar léas aige nó aici agus atá ag úsáid na feithicil sin in áit phoiblí chun daoine a iompar ar luaíocht.

Ítim (1)	An Fhoráil a leasaítear (2)	An Cineál Leasaithe (3)
		<p>(4) Ní dhéanfaidh sealbhóir ceadúnais beagfheithicle seirbhíse poiblí a bheagfheithicil seirbhíse poiblí nó a bheagfheithicil seirbhíse poiblí a ligean ar cíós nó ar léas le duine eile chun daoine a iompar ar luaíocht nó ní chomhaontóidh sé nó sí ar shlí eile ligean don duine eile sin a bheagfheithicil seirbhíse poiblí nó a bheagfheithicil seirbhíse poiblí a thiomáint nó a úsáid chun na críche sin mura rud é gur deimhin leis nó léi go leanann ceadúnas beagfheithicle seirbhíse poiblí de bheith i bhfeidhm i leith na feithicle lena mbaineann ar feadh théarma an léasa nó an chomhaontaithe.</p> <p>(5) Aon duine a sháróidh fo-alt (1), (2), (3) nó (4) beidh cion déanta aige nó aici.</p> <p>(6) I gcás ina mbeidh cúis réasúnach ag duine údaraithe chun drochamhras a bheith air nó uirthi go bhfuil cion á dhéanamh nó go bhfuil cion déanta faoin Acht seo nó faoi rialacháin arna ndéanamh faoin Acht seo nó faoi alt 82 d’Acht 1961, féadfaidh duine údaraithe, i láthair comhalta den Gharda Síochána faoi éide, aon bheagfheithicil seirbhíse poiblí nó aon fheithicil inneallghluaiste a airbheartaíonn gur beagfheithicil seirbhíse poiblí í, nó comharthaí feithicle inmheánacha nó seachtracha nó sainaitheantas feithicle inmheánach nó seachtrach a urghabháil agus a choinneáil go ceann cibé tréimhse is gá.</p> <p>(7) San alt seo—</p> <p>ciallaíonn “ceadúnas beagfheithicle seirbhíse poiblí” ceadúnas, i leith beagfheithicle seirbhíse poiblí, arna dheonú faoi rialacháin arna ndéanamh faoi alt 34 nó alt 82 d’Acht 1961;</p> <p>folaíonn “úsáid” feithicil inneallghluaiste a stad, a locadh nó an fheithicil do sheasamh chun a fruilithe in aon áit seasaimh cheaptha.”.</p>

## CUID 2

## LEASÚ AR ACHT 1993

Ítim (1)	An Fhoráil a leasaítear (2)	An Cineál Leasaithe (3)
1.	Alt 22(2)	“(lena n-áirítear dréacht-phlean a ullmhú faoi alt 18)” a scriosadh.
2.	Alt 61 (arna leasú le halt 274 d’Acht 2000)	An méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (9):  “(10) Aon duine a sháraíonn fodhlí a rinneadh faoin alt seo, beidh cion déanta aige nó aici.”.
3.	Alt 64(3) (a cuireadh isteach le halt 4 d’Acht na mBóithre 2007)	Cuir an mhír seo a leanas in ionad mhír (a):  “(a) go bhfuil an fheithicil cláraithe sa Stát (seachas sna himthosca dá dtagraítear i mír (c))—  (i) beidh úinéir cláraithe na feithicle, agus  (ii) beidh an duine ar féidir leis an ngnóthas bóithre lena mbaineann a fháil amach le

Ítim (1)	An Fhoráil a leasaítear (2)	An Cineál Leasaithe (3)
		réasún ina leith go bhfuil an fheithicil á coimeád nó ina sheilbh nó ina seilbh nó faoina cheannas nó faoina ceannas aige nó aici (lena n-áirítear de thoradh socrú fruilithe) sa Stát.”.
4.	Alt 77	An t-alt sin a aisghairm.
5.	Alt 81(1) (a cuireadh isteach le halt 11 d’Acht na mBóithre 2007)	I mír (c) “61(10),” a chur isteach i ndiaidh “45(3),”.

### CUID 3

#### LEASÚ AR AN ACHT IOMPAIR (BONNEAGAR IARNRÓID) 2001

Ítim (1)	An Fhoráil a leasaítear (2)	An Cineál Leasaithe (3)
1.	Alt 25	An méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (7):  “(7) Déanfar socrú maidir le hachomhairc i ngach scéim a dhéanfar faoin alt seo.”.
2.	Alt 44 (a cuireadh isteach le halt 49 d’Acht 2006)	I bhfo-alt (2), an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (i):  “(j) féadfar an t-iarnród lena mbaineann an t-ordú a ainmniú ann mar iarnród éadrom nó mar mheitreo.”.  Fo-alt (4) a scriosadh.
3.	Alt 45(1) (a cuireadh isteach le halt 49 d’Acht 2006)	An méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (c):  “(d) gurb í an fhoirm fhorordaithe ordaithe dílseacháin a bheidh le húsáid ag an nGníomhaireacht nó ag CIÉ foirm aon ordaithe dílseacháin a fhorordófar de bhun alt 82(1) d’Acht na dTithe 1966 ,”.

### CUID 4

#### LEASÚ AR ACHT NA MBÓITHRE 2007

Ítim (1)	An Fhoráil a leasaítear (2)	An Cineál Leasaithe (3)
1.	Alt 9(1)	“i bhfo-alt (3)(a)(vii)” a chur in ionad “i bhfo-alt (3)(a)(vi)” i mír (e)(ii).
2.	Alt 13(d)	“42(11)” a chur in ionad “41(11)”.
3.	An Sceideal	“a chur in ionad” a chur in ionad “a chur isteach in ionad” i gcolún 2, os coinne lua Alt 47 i gcolún 1.

[Uimh. 37.] *An tAcht um Rialáil Iompair Phoiblí* [2009.]  
2009.

Alt 42(2).

SCEIDEAL 2

LEASÚ AR ACHT 2003

Ítim (1)	An Fhoráil a leasaítear (2)	An Cineál Leasaithe (3)
1.	Alt 2(1)	<p>An méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh an mhínithe ar “Acht 2002”:</p> <p>“ciallaíonn ‘Coiste Comhairleach’ an Coiste Comhairleach um Beagfheithiclí Seirbhíse Poiblí;”.</p> <p>An méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh an mhínithe ar “duine údaraithe”:</p> <p>“ciallaíonn ‘Údarás’ Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath, go dtí an lá a cheapfar mar an lá ceaptha chun críocha <i>alt 30 den Acht um Rialáil Iompair Phoiblí 2009</i> agus ón lá sin ciallaíonn sé an tÚdarás Náisiúnta Iompair;”.</p> <p>An míniú ar “an Chomhairle” a scriosadh.</p> <p>An méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh an mhínithe ar “Coimisinéir”:</p> <p>“ciallaíonn ‘lá díscailte don Choimisiún’ an lá a cheapfaidh an tAire faoi <i>alt 31 den Acht um Rialáil Iompair Phoiblí 2009</i> chun an Coimisiún um Rialáil Tacsaithe a dhíscailteadh;”.</p>
2.	Alt 8	<p>An t-alt seo a leanas a chur ina ionad:</p> <p>“8.— Faoi réir an Achta seo, beidh an tÚdarás neamhspleách i bhfeidhmiú a fheidhmeanna i ndáil le creat rialaitheach a fhorbairt agus a chothabháil le haghaidh beagfheithiclí seirbhíse poiblí agus a dtiománaíthe a rialú agus a oibriú.”.</p>
3.	Alt 22	<p>An t-alt seo a leanas a chur ina ionad:</p> <p>“22.—(1) I gcás leas airgid nó leas tairbhiúil eile a bheith ag comhalta d’fhoireann an Údaráis, nó ag sainchomhairleoir, ag comhairleoir nó ag duine eile a bheith ar fostú ag an Údarás, ar leas é in aon ní, nó atá ábhartha i leith aon ní, a bheith le breithniú ag an Údarás i ndáil lena fheidhmeanna faoin Acht seo—</p> <p>(a) déanfaidh sé nó sí, cineál a leasa a nochtadh don Údarás sula ndéanfar aon bhreithniú ar an ní,</p> <p>(b) ní imreoidh sé nó sí tionchar, ná ní fhéachfaidh sé nó sí le tionchar a imirt, ar bhreith i ndáil leis an ní,</p> <p>(c) ní ghlacfaidh sé nó sí páirt ar bith in aon bhreithniú ar an ní, murab ann do chúiseanna dosháraithe a cheanglaíonn air nó uirthi déanamh amhlaidh, agus</p> <p>(d) déanfaidh sé nó sí ráiteas i scríbhinn i dtaobh na gcúiseanna dosháraithe a ullmhú agus a thabhairt don Údarás.</p> <p>(2) Chun críocha an ailt seo, ach gan dochar do ghinearáltacht fho-alt (1), measfar leas tairbhiúil a bheith ag duine más rud é, maidir leis an duine nó le haon duine dá theaghlach nó dá teaghlach—</p> <p>(a) go sealbhaíonn sé nó sí ceadúnas,</p>

Ítim (1)	An Fhoráil a leasaítear (2)	An Cineál Leasaithe (3)
		<p>(b) gur comhalta é nó í nó aon ainmnitheach dá chuid nó dá cuid de chuideachta nó d'aon chomhlacht eile ag a bhfuil leas tairbhiúil i ní, nó leas tairbhiúil atá ábhartha i leith ní, dá dtagraítear san fho-alt sin,</p> <p>(c) go bhfuil sé nó sí i gcomhpháirtíocht le duine, nó ar fostú ag duine, ag a bhfuil leas tairbhiúil i ní, nó leas tairbhiúil atá ábhartha i leith ní, den sórt sin, nó</p> <p>(d) gur páirtí é nó í in aon socrú nó in aon chomhaontú (cibé acu infhorheidhmíthe nó nach ea) maidir le talamh lena mbaineann ní den sórt sin.</p> <p>(3) Chun críocha an ailt seo ní mheasfar leas tairbhiúil in aon ní, nó leas tairbhiúil atá ábhartha i leith aon ní, a bheith ag duine de bhíthin amháin go bhfuil leas aige nó aici nó ag aon chuideachta nó ag aon chomhlacht nó duine eile dá dtagraítear i bhfo-alt (2) atá chomh cianda nó chomh neamhthábhachtach sin nach féidir a mheas le réasún gur dóigh dó tionchar a imirt ar dhuine le linn dó nó di breithniú nó plé nó vótáil a dhéanamh ar aon cheist maidir leis an ní, nó le linn dó nó di aon fheidhm i ndáil leis an ní sin a chomhlíonadh.</p> <p>(4) I gcás ina n-eascróidh ceist i dtaobh arbh ionann nó nárbh ionann iompar áirithe, dá ndéanfadh duine é, agus mainneachtain aige nó aici ceanglais fho-alt (1) a chomhlíonadh, is é an tÚdarás a chinnfidh an cheist.</p> <p>(5) I gcás ina ndéanfar nochtadh don Údarás, déanfar sonraí an nochtá a thairfeadh i miontuairiscí aon chruinnithe lena mbaineann.</p> <p>(6) I gcás ina mainneoidh duine dá dtagraítear san alt seo nochtadh a dhéanamh de réir an ailt seo, tabharfaidh an tÚdarás breith maidir leis an ngníomh cuí (lena n-áirítear cur as oifig nó conradh a fhoirceannadh) a bheidh le déanamh.”.</p>
4.	Alt 28	<p>An t-alt seo a chur ina ionad:</p> <p>“28.—(1) Déanfaidh an tÚdarás plean straitéise ina léireofar a fheidhmeanna reachtúla faoin Acht seo a tharraingt suas agus a ghlacadh.</p> <p>(2) Tabharfar aird sa chéad phlean straitéise ón Údarás ar aon ráiteas straitéise láithreach a ghlac an Coimisiún um Rialáil Tacsaithe faoin Acht seo nó ar aon obair a rinneadh ar ráiteas straitéise nua roimh an lá discaoilte don Choimisiún.</p> <p>(3) Maidir le plean straitéise faoin alt seo—</p> <p>(a) glactar é laistigh de dhá bhliain tar éis bhunú an Údaráis agus gach 5 bliana dá éis sin,</p> <p>(b) cuirfear i gcuntas ann an phríomhfheidhm agus na príomhchuspóirí a leagtar amach in alt 9 agus in aon ordachán ón Aire, agus</p> <p>(c) beidh ann cuspóirí fíorthábhachtacha, aschuir agus straitéisí gaolmhara an</p>

Ítim (1)	An Fhoráil a leasaítear (2)	An Cineál Leasaithe (3)
		<p>Údarás, lena n-áirítear úsáid acmhainní an Údarás, i ndáil le beagfheithiclí seirbhíse poiblí agus a dtiománaithe.</p> <p>(4) Tíolacfaidh an tÚdarás cóip de phlean straitéise don Aire agus do cibé coistí de cheachtar Teach den Oireachtas nó den dá Theach acu a ordóidh an tAire ó am go ham.</p> <p>(5) Sula ndéanfar plean straitéise a ghlacadh agus a thíolacadh don Aire, rachaidh an tÚdarás i mbun próisis comhchomhairliúcháin poiblí maidir le dréacht den phlean straitéise.</p> <p>(6) Foilseoidh an tÚdarás plean straitéise a tharraingeofar suas agus ghlacfar faoin alt seo.”.</p>
5.	Alt 31	<p>An t-alt seo a chur ina ionad:</p> <p>“31.—Faoi réir alt 38 den Acht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath 2008, féadfaidh an tÚdarás aon tuarascálacha nó cóid chleachtas maidir le nithe a bhaineann lena fheidhmeanna faoin Acht seo a fhoilsiú.”.</p>
6.	Alt 50(2)	<p>An mhír seo a leanas a chur in ionad mhír (a):</p> <p>“(a) faoi chomhair na gcaiteachas a thabhoídh an tÚdarás go cuí i gcomhall a fheidhmeanna faoin Acht seo, faoin Acht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath 2008 agus faoin <i>Acht um Rialáil Iompair Phoiblí 2009</i>, agus”.</p>
7.	Alt 54(1)	<p>An fo-alt seo a leanas a chur ina ionad:</p> <p>“54.—(1) Déantar ainm <i>The Advisory Council to the Commission for Taxi Regulation</i> (An Chomhairle don Choimisiún um Rialáil Tacsaithe) a athrú, sa Bhéarla, go dtí <i>The Advisory Committee on Small Public Service Vehicles</i> nó, sa Ghaeilge, go dtí an Coiste Comhairleach um Beagfheithiclí Seirbhíse Poiblí, agus gairtear an ‘Coiste Comhairleach’ de san Acht seo. Leanann an Coiste Comhairleach de bheith ar marthain chun na feidhmeanna a shanntar dó faoin gCuid seo a chomhlíonadh.”.</p>
8.	Alt 55	<p>I bhfo-alt (2), na míreanna seo a leanas a chur in ionad mhír (a)(iii) agus (iv):</p> <p>“(iii) an plean straitéise dá bhforáiltear in alt 28 a ullmhú agus a athbhreithniú,</p> <p>(iv) an dréacht-straitéis iompair agus an dréachtphlean comhtháite forfheidhmithe faoi ailt 12 agus 13 den Acht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath 2008 i ndáil le saincheisteanna atá iomchuí i leith beagfheithiclí seirbhíse poiblí agus a dtiománaithe, agus</p> <p>(v) aon nithe eile a bhaineann le feidhmeanna an Údarás nó a chuirfidh an tÚdarás faoi bhráid an Choiste Chomhairligh chun a chomhairle a fháil, seachas nithe a bhaineann le breitheanna an Údarás i gcásanna aonair,”.</p> <p>I bhfo-alt (7), “alt 38 den Acht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath 2008” a chur in ionad “alt 21”.</p>